Appendix 4.1

Liquidator Reports at 31 December 2008 - Sectoral Analysis

Insolvency by Sector	Section 56 Reports			
	2007		2008	
Construction	78	27%	141	35%
Wholesale & Retail	66	23%	74	18%
Manufacturing	43	15%	50	12%
Hotels, Bars & Catering	28	10%	36	9%
Community, Social & Other	14	5%	25	6%
Marketing & Promotion	8	3%	19	5%
Technology & Telecommunications	15	5%	16	4%
Transport & Distribution	12	4%	16	4%
Recruitment & Security Services	7	2%	13	3%
Financial & Leasing	6	2%	7	2%
Real Estate & Renting	5	2%	6	1%
Agriculture, Mining & Marine	4	1%	3	1%
TOTALS	286	100%	406	100%



Appendix 4.1.1

Liquidator Reports at 31 December 2008 – Reports Progressed

Classification	First Reports	Further Reports	Final Reports	Total Reports
Section 56 Reports received				
Reports brought forward from 2007	99	89	74	262
Reports received in 2008	406	479	289	1,174
Reports due and not received in 2008	23	18	1	42
Compliance Rate	95%	96%	N/A ⁵⁰	97%
Section 56 Reports determined				
Decisions due in 2008	360	450	307	1,117
Decisions issued in 2008	351	440	307	1,098
Conclusion Rate	98%	98%	100%	98%
Decisions where full relief was granted ⁵¹	251	386	307	944
Decisions where partial relief was granted ⁵²	6	5	N/A	11
Decisions where relief at this time was granted ⁵³	70	35	N/A	105
Decisions where relief was not granted ⁵⁴	23	14	N/A	37
Other Decision made	1	-	N/A	1
Reports carried forward to 2009	154	128	56	338
No. of Liquidators Involved in Section 56 Reports	102	134	79	194
No. of Directorships Involved in Section 56 Reports	988	1,257	762	2,724

⁵⁰ N/A denotes 'not applicable'.

⁵¹ Full relief was granted in cases where the ODCE was satisfied, on the basis of information provided by the liquidator or otherwise, that all of the directors of the insolvent company had satisfactorily demonstrated that they had acted honestly and responsibly in the conduct of the company's affairs.

⁵² Cases of Partial Relief are those in which such circumstances apply in respect of some, but not all, of the company's directors.

⁵³ Relief 'at this time' was granted in cases where the ODCE was satisfied that the liquidator needed more time to investigate properly the circumstances giving rise to the company's demise. The ODCE requires such liquidators to submit a second report, after which a fresh relief decision is made.

⁵⁴ Relief was not granted in cases where the ODCE was satisfied, on the basis of information provided by the liquidator or otherwise, that none of the directors of the insolvent company had satisfactorily demonstrated that they had acted honestly and responsibly in the conduct of the company's affairs.

Appendix 4.2.1

Cases where Restriction Orders were made against Directors by the High Court in 2008 pursuant to Section 56

Company No.	Company Name	Restricted Directors		Five Year Restriction commencing	Court Outcome [See Explanatory Note at end of this Table]
353038	Alden Interiors Limited	Phelan	Denise	23/06/2008	Full Restriction
		Phelan	Alan	23/06/2008	
381231	All Fine Foods Limited	Cassidy	Gavin	17/11/2008	Full Restriction
		Dunne	Jude	17/11/2008	
125166	Alloy Access Limited	Fanning	Joseph	14/01/2008	Full Restriction
		Fanning	Robert	14/01/2008	
373134	Applied Optotech Limited	Bradell	Jules	02/06/2008	Full Restriction
400338	Avondale Tool Hire Limited	Porter	John	10/03/2008	Full Restriction
		Porter	Jason	10/03/2008	
318573	Bilcon Construction Limited	Conway	William	31/03/2008	Full Restriction
384353	Blarney Builders Providers Limited	Barrett	James	21/11/2008	Full Restriction
		O'Sullivan	Paul	21/11/2008	
392589	Bray Scaffolding Services Limited	Currums	Glen	15/12/2008	Full Restriction
		Currums	Michelle	15/12/2008	
387470	Common-Castle Construction Limited	Quinn	Ivan	30/06/2008	Full Restriction
		Quinn	Gerard	30/06/2008	
375654	Computational Analytics Limited	Fitzgerald	Patrick	03/11/2008	Full Restriction
403532	Damal Catering Limited	Sheridan	Damien	14/01/2008	Partial Restriction
227855	First European Textile Group Limited	Hartung	Erwin	20/10/2008	Full Restriction
		Hartung	Dieter	20/10/2008	
233773	Futon Ireland Limited	Mealy	Richard	31/03/2008	Full Restriction
		Mealy	Philip	31/03/2008	
260911	Gorenberg Limited	Gore	Gillian	14/01/2008	Full Restriction
		Gore	Noel	14/01/2008	
375192	Henco Café Limited	Hennessy	Thomas	10/11/2008	Full Restriction

Appendix 4.2.1 (continued)

Cases where Restriction Orders were made against Directors by the High Court in 2008 pursuant to Section 56

Company No.	Company Name	Restricted Directors		Five Year Restriction commencing	Court Outcome [See Explanatory Note at end of this Table]
291941	Hookless Bar Bistro & Store Limited	Cullen	Pauline	09/06/2008	Full Restriction
		Cullen	Michael	09/06/2008	
236293	J. & H. Burke & Son Builders Limited	Burke	Helen	31/03/2008	Full Restriction
		O'Reilly	Brendan	28/01/2008	
394823	John Porter Development Limited	Porter	John	10/03/2008	Full Restriction
		Porter	Jason	10/03/2008	
375512	Kamar Transport (Kilkenny) Limited	Kavanagh	David	01/07/2008	Full Restriction
370497	Kamar Transport Limited	Kavanagh	David	01/07/2008	Full Restriction
189484	Keating Interiors Limited	Keating	Gary	09/06/2008	Full Restriction
399819	Kitchenworx Limited	Kelly	Vincent Jnr	21/01/2008	Full Restriction
		Kelly	Glenn	21/01/2008	
		McDonnell	Ciaran	21/01/2008	
386269	Langs Consortium Limited	Brady	Peter	28/10/2008	Full Restriction
		Ferns	Francis	28/10/2008	
		Harkins	James	28/10/2008	
		Harkins	Vincent	28/10/2008	
144375	Leo W. Wilson Associates Limited	Clarke	George	03/03/2008	Full Restriction
357453	Loromac Limited	McManus	Pat	28/01/2008	Full Restriction
391980	Maxfern Limited	Costello	Patrick	17/11/2008	Full Restriction
		Costello	Yvonne	17/11/2008	
201798	Moran Office Supplies Limited	Moran	Martin	03/03/2008	Full Restriction
340687	Oberstown Transport Limited	Hughes	Martina	28/07/2008	Full Restriction
		Hughes	Robert	28/07/2008	
357337	Odyssey Internet Portals Limited	Brennan	William	18/11/2008	Full Restriction
		Norris	Michael	18/11/2008	

Appendix 4.2.1 (continued)

Cases where Restriction Orders were made against Directors by the High Court in 2008 pursuant to Section 56

Company No.	Company Name	Restricted Directors		Five Year Restriction commencing	Court Outcome [See Explanatory Note at end of this Table]
324305	Odyssey Internet Productions Limited	Brennan	William	18/11/2008	Partial Restriction
		Norris	Michael	18/11/2008	
401027	Odyssey Internet Products & Services Limited	Brennan	William	18/11/2008	Full Restriction
		Norris	Michael	18/11/2008	
275182	Optus Telecommunications Limited	Hoey	Graham	20/10/2008	Full Restriction
		Murphy	John	17/11/2008	
384127	P.P Demolition Groundworks and Paving Contractors Limited	Purcell	Margaret	08/12/2008	Full Restriction
		Purcell	Padraig	08/12/2008	
327279	Pat Doody Construction Limited	Doody	Pat	13/10/2008	Full Restriction
		Sweeney	Marcella	13/10/2008	
398420	Peak Telecom Limited	Eipe	John	26/05/2008	Full Restriction
		Eipe	Lene	26/05/2008	
342277	Prestbury Alarms Limited	Casey	Raymond	21/01/2008	Partial Restriction
		Smith	Christopher	21/01/2008	
277699	QED Logistics Limited	Ryan	Christopher	20/10/2008	Full Restriction
		Ryan	Gerard	20/10/2008	
362651	S.P.& T. Developments Limited	Fetherson	Paul	07/04/2008	Full Restriction
		Fetherston	Tommy	07/04/2008	
		Merriman	Susan	07/04/2008	
367431	Security Direct Limited	Caffrey	Sandra	24/01/2008	Full Restriction
		Caffrey	John	24/01/2008	
254964	Southern Fibreglass Products Limited	Lynch	Donal	14/01/2008	Full Restriction
		O'Sullivan	Timothy	14/01/2008	
282858	Southern Scaffolding Company Limited	Trihy -	Ann	13/10/2008	Full Restriction
		Wight		13/10/2008	
		Wight	Kenneth		

Appendix 4.2.1 (continued)

Cases where Restriction Orders were made against Directors by the High Court in 2008 pursuant to Section 56

Company No.	Company Name	Restricted Directors		Five Year Restriction commencing	Court Outcome [See Explanatory Note at end of this Table]
396025	Strategic Workforce Solutions Limited	Curran	Cian	28/04/2008	Full Restriction
		Curran	Thomas	28/04/2008	
322509	TMS Plant Sales Limited	Thorpe	Olive	24/11/2008	Full Restriction
		Thorpe	Adrian	24/11/2008	
372384	West Link Security Services Limited	Weldon	Paul	28/04/2008	Full Restriction

Note: “*Full Restriction*” in the table above indicates an outcome where the Court restricted or disqualified **all** of the directors against whom the liquidator took restriction or disqualification applications pursuant to Section 150 or 160 of the 1990 Act where the ODCE had not relieved the liquidator under Section 56 of the 2001 Act.

“*Partial Restriction*” in the table above indicates an outcome where the Court restricted or disqualified one or more **but not all** of the directors against whom the liquidator took restriction or disqualification applications pursuant to Section 150 or 160 of the 1990 Act where the ODCE had not relieved the liquidator under Section 56 of the 2001 Act. The following **Appendix 4.2.2** lists the persons that were disqualified in all Section 56 cases.

Appendix 4.2.2

Cases where Disqualification Orders were made against Directors by the High Court in 2008 as a consequence of a Liquidator's Section 56 Report

Company No.	Company Name	Disqualified Directors		Date Disqualified From	Date Disqualified To
367314	Birmingham Construction Limited	Birmingham	Simon	28/04/2008	27/04/2013
285968	Devey Enterprises Limited	Devey	Mark	02/12/2008	01/12/2014
		Devey	Jacinta	02/12/2008	01/12/2014
370497 375512	Kamar Transport Limited Kamar Transport (Kilkenny) Limited	Kavanagh	David	01/07/2008	30/06/2015
189484	Keating Interiors Limited	Keating	Gary	26/05/2008	25/05/2012
350210	Oakley Formwork Limited	Govern	Conor	11/02/2008	10/02/2013
		Govern	Eimear	11/02/2008	10/02/2013
335674	Rosmuc Developments Limited	Griffin	Colm	25/02/2008	25/02/2016

Appendix 4.2.3

Cases where Restriction Declarations or Disqualification Orders were not made against Directors by the High Court in 2008 pursuant to Section 56

Company Name	Company Number	Date of Court Order
C.M.G. Construction (Limerick) Limited	278910	27/11/2008
Drum Engineering Limited	215249	30/04/2008
Floor Textures Ireland Limited	257280	05/03/2008
Kranks Corner Limited	238480	19/12/2008
Space-Makers Construction Limited	313095	04/02/2008

Appendix 5.1.1

Approved versus Actual Staffing Complement by Grade

Year-end	Approved	Actual
2006	37	34.8
2007	46	40.6
2008	46	44.8

Breakdown by Grade at end-2008



Grade	Approved	Actual
Accountant Grade I	2	2
Accountant Grade III	1	-
Assistant Principal	4	4
Clerical Officer ⁵⁵	5	6.1
Corporate Compliance Manager	1	1
Detective Garda	5	5
Detective Inspector	1	1
Detective Sergeant	2	2
Director	1	1
Executive Officer	8	7.7
Higher Executive Officer/Systems Analyst	8	7
Legal Adviser	3	3
Principal Officer	2	2
Principal Solicitor	1	1
Solicitor	2	2
Total	46	44.8

⁵⁵ The indicated number includes a Legal Secretary who is employed on a contract basis. The fractional figures here and elsewhere indicate work-sharing patterns.

Appendix 5.1.2

Breakdown of Expenditure against Allocation in 2008 and Previous Years

Source of Allocation/Expenditure	2006		2007		2008	
	€000s	€000s	€000s	€000s	€000s	€000s
Allocation						
Exchequer Grant		4,713.0		4,823.0		4,957.0
Expenditure						
Salaries, Wages and Allowances	1,915.3		2,140.2		2,411.6	
Advertising and Publicity	165.8		326.8		304.1	
Office Premises	231.2		286.6		353.2	
Legal Expenses	452.0		913.2		630.4	
Consultancy Services	240.1		268.7		169.3	
Computerisation	53.3		74.1		61.6	
Printing	106.9		157.0		141.9	
Incidental Expenses	15.8		14.8		27.1	
Travel and Subsistence	33.4		31.0		32.0	
Telecommunications	49.6		43.7		88.8	
Postal/Courier Services	18.5		69.6		75.1	
Office Machinery and Photocopying	48.9		33.6		25.0	
Human Resource Development	24.9		18.9		23.0	
Total Expenditure		3,355.7		4,378.2		4,343.1
Amount Surrendered		1,357.3		444.8		613.9



Oifig an Stiúirthóra um
Fhorfheidhmiú Corparáideach
Office of the Director
of Corporate Enforcement

Tuarascáil Bhliantúil 2008



Oifig an Stiúirthóra um
Fhorfheidhmiú Corparáideach

Office of the Director
of Corporate Enforcement

Le haghaidh eolas eile:

Oifig an Stiúirthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach,
16 Cearnóg Pharnell,
Baile Átha Cliath 1.

Guthán: 01 858 5800
Glaó-Áitiúil: 1890 315 015
Facs: 01 858 5801
Ríomhphost: info@odce.ie
Suíomh Gréasáin: www.odce.ie

© Rialtas na hÉireann, 2009
ISBN 978-1-4064-2285-6
BAILE ÁTHA CLIATH:
ARNA FHOILSIÚ AG OIFIG AN tSOLÁTHAIR.

Le ceannach díreach on
OIFIG DHÍIOLTA FOILSEACHÁN RIALTAIS,
TEACH SUN ALLIANCE, SRÁID MOLESWORTH,
BAILE ÁTHA CLIATH 2,
nó tríd an bpost ó
FOILSEACHÁN RIALTAIS, AN RANNÓG POST-TRÁCHTA,
51 FAICHE STIABHNA, BAILE ÁTHA CLIATH.
(Tel: 01 647 6834/35/36/37; Facs: 01 672 5449)
nó trí aon díoltóir leabhar.

Praghas: €10.00

ISBN 978-1-4064-2285-6



9 781406 422856

Clár Ábhair

Brollach ón Stiúrtóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach	3
Réamhrá	4
Aidhm 1 – Géilliúntas i leith Achtanna na gCuideachtaí a Spreagadh	5
Aidhm 2 – Cásanna ina bhfuil Amhras faoi Shárú Dlí na gCuideachtaí a Nochtadh	11
Aidhm 3 – Sáruihte Braite ar Achtanna na gCuideachtaí a Ionchúiseamh	17
Aidhm 4 – Pionós a Ghearradh i leith Iompar Míchuí i dtaca le Cuideachtaí Dócmhainneacha	22
Aidhm 5 – Seirbhísí den Scoth a Sholáthar do Chustaiméirí Inmheánacha agus Seachtracha	29
Conclúid	33
Aguisíní	34

Ráiteas Cóipchirt agus Séanta

Is leis an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach cóipcheart ábhar an doiciméid seo. Féadfar iomlán nó páirt den doiciméad seo a atáirgeadh gan bhreis cheada, ar choinníoll go n-admhaítear an fhoinse.

Níor chóir go dtuigfí aon ní dá bhfuil anseo mar fhaisnéis de nó ar son an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach maidir lena thuiscint nó lena léiriú ar aon cheann d'fhorálacha Achtanna na gCuideachtaí 1963 go 2006 nó maidir le léiriú ar dhlí ar bith. Ba chóir dul sa tóir ar Comhairle dlí neamhspleách maidir le héifeachtaí aon fhorála dlí. Ní ghlacann an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach le haon fhreagracht nó le haon dliteanas is cuma cén chaoi a n-éiríonn siad as ábhar an fhoilseacháin seo nó as aon bhotún, mhíchruinneas nó easnamh in ábhar an doiciméid seo. Forchoimeádann an Stiúrthóir an ceart caingean chúirte a thionscnamh a d'fhéadfadh a bheith nó gan a bheith de réir fhorálacha an doiciméid seo.

© **Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach 2009**

Focal Factory a d'aistrigh an Tuarascáil Bhliantúil seo go Gaeilge.

Brollach



De bhun alt 16(1) den Acht um Fhorfheidhmiú Dlí Cuideachtaí 2001 is cúis áthais dom Tuarascáil na hOifige don bhliain 2008 a chur faoi bhráid an Tánaiste agus an Aire Fiontair, Trádála agus Fostaíochta Mary Coughlan T. D.

I gcaitheamh na bliana 2008 shaothraigh OSFC an cuspóir atá aici géilliúntas i leith dlí na gcuideachtaí a fheabhsú. Glacann an Oifig cur chuige dériain maidir leis an ról atá aici. Is mian léi ar an gcéad dul síos an géilliúntas deonach a spreagadh agus a éascú trí réim eolais na bpáirtithe leasmhara ábhartha sa chuideachta ar a gcearta agus ar a bhfreagrachtaí a dhoimhniú agus a leathnú. Is mian léi ar an dara dul síos an géilliúntas a smachtú trí réimse gníomhaíochtaí ar a n-áirítear na páirtithe lena mbaineann a spreagadh chun cosc a chur ar shárúithe braite agus ionchúisimh choiriúla a thionscnamh i gcás go bhfuil na sárúithe ar dhlí nó ar dhualgas níos tromchúisí.

Seo a leanas buaicpointí na bliana 2008 don OSFC rangaithe de réir gníomhaíocht phríomha:

- ceapachán Cigire na hArd-Chúirte do DCC plc, do S&L Investments Ltd. agus do Lotus Green Ltd. chun gnéithe de cheannach agus de dhíol scaireanna Fyffes plc i 1995 agus i 2000 a imscrúdú;
- foilseachán Lámhleabhair/Treorach mionsonraithe um Dhlí na gCuideachtaí i ndáil le Cuideachtaí Bainistithe Maoin Sealbhais d'fhonn a rialachas a fheabhsú;
- tinreamh ag thart ar 80 imeacht poiblí mar a ndearna foireann ó OSFC láithreoirreachtaí agus mar a ndeachaigh siad i dteagmháil leis an bpobal chun géilliúntas i leith Dhlí na gCuideachtaí a spreagadh;
- 32 chiontú, 20 duine dícháilithe agus duine amháin srianta. Sháraigh méid na bhfíneálacha, €46,600, ar gearradh riamh roimhe. B'as measúnú na hOifige ar chuideachtaí dócmhainneacha díscailte a d'eascair 12 cheann den 20 dícháiliú;
- méadú de 42% go dtí 406 ar líon na dtuarascálacha tosaigh leachtaitheora a fuarthas. Ba léiriú é sin ar an lag trá atá ar an ngeilleagar náisiúnta agus tá súil le breis agus dhá oiread na leachtuithe a tharla i 2008 sa bhliain 2009. Chinn an Oifig thart ar 350 tuarascáil tosaigh leachtaitheora freisin, ardú de 22% ar thorthaí na bliana 2007;
- ardú de 15% go dtí 584 ar líon na gcásanna a bhain le sárúithe líomhanta ar Achtanna na gCuideachtaí a dhún an Oifig i ndiaidh imscrúdú a dhéanamh orthu. I bhformhór na gcásanna sin is i ndiaidh réiteach sásúil ar bhonn riaracháin ar an deacracht maidir le dlí na gcuideachtaí a dúnadh an cás. Cuireadh 78 gcás breise ar aghaidh go dtí an Oifig féachaint an mbeadh sé oiriúnach caingean dlí a thionscnamh ina leith;
- a cheithre oiread de mhéadú go €134 milliún ar mhéid na n-iasachtaí do stiúrthóirí arna thuairisciú ag iniúchóirí; tharla cuid mhaith acu sin i gcuideachtaí tógála agus maoin sealbhais. Tá an Oifig sásta gurbh é an fáth gur baineadh géilliúntas amach san oiread sin de chásanna í féin a bheith páirteach iontu, bhí cásanna eile fós á gcoinneáil faoi léirmheas ag deireadh na bliana;
- an chéad uair riamh a ciontaíodh stiúrthóir cuideachta as sócmhainní cuideachta a úsáid go feasach as de shárú ar na srianta dlíthiúla maidir le hiasachtaí a thairiscint do stiúrthóirí;
- an chéad chás riamh inar cuireadh pianbhreith choimeáda ar stiúrthóir cuideachta nár chuir an Chúirt ar fionraí í. Tá achomharc déanta ag an stiúrthóir atá i gceist in aghaidh an chiontaithe agus in aghaidh na pianbhreithe. Bhain an cás le duine a bhí ag gníomhú mar stiúrthóir de shárú ar ordú dícháilithe na hArd-Chúirte.

Is mian liom a chur in iúl gur mór agam an ceathrar ball breise foirne a chuir an Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta ar fáil don Oifig i 2008 i gcomhréir le gealltanais na Roinne maidir le méadú ar leibhéal foirne na hOifige. Ba chionsiocard an méadú seo agus roinnt den mhéadú ar an bpróiseáil a thuairiscítear thuas.

Caitheadh €4.34 milliún i 2008, laghdú de bheagán ar an gcaiteachas de €4.37 milliún i 2007. Bhíothas in ann an laghdú sin a bhaint amach d'ainneoin an caiteachais a bhain le ceathrar ball breise foirne agus d'ainneoin chostas tosaigh an iniúchta DCC. Is tríd an ngearradh siar a rinneadh ar obair fógraíochta agus phoiblíochta tar éis don Rialtas a iarraidh go laghdófaí caiteachas nach raibh geallta is mó a riaradh ar an mbreis chostais seo.

Foireann lántiomnaithe a d'oibrigh go crua is ea a chinntigh an rath agus na torthaí breátha a baineadh amach i 2008. Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil leo mar gheall ar a dtiomantas leanúnach d'obair na hOifige. Is tríd an obair a dhéanaimid i dteannta a chéile a chabhraimíd le lucht gnó, le leasanna poiblí agus leis an bpobal i gcoitinne chun dul i mbun páirtíochta le chéile go cóir agus go cothrom trí struchtúir chorparáideacha.

Ba mhaith liom an tacaíocht leanúnach a thug an tOireachtas, an Rialtas agus na Cúirteanna don Oifig san obair atá ar siúl aici a admháil freisin. Tá buíochas tuille freisin ag daoine gairmiúla i réimse an dlí agus na cuntasaíochta a thug taca dúinn i rith na bliana 2008. Tá súil agam go leanfaidh sin ar aghaidh i 2009 agus go n-éireoidh linn an difear a dhéanamh chun caighdeán chorparáideach a fheabhsú ar mhaithe leis an bpobal ina iomláine.

Paul Appleby
Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach
31 Márta 2009

Réamhrá

Sainíonn Ráiteas Straitéise láithreach an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach a bhfuil liostáilte anseo thíos mar aidhmeanna príomha an OSFC agus mar fho-aidhmeanna atá gaolta leo:

Aidhm 1: Géilliúntas i leith Achtanna na gCuideachtaí a Spreagadh

- Fo-aidhm 1.1: Eolas Áisiúil ar Dhlí na gCuideachtaí a Fhoilsiú
- Fo-aidhm 1.2: Géilliúntas a chur chun cinn
- Fo-Aidhm 1.3: Dlí na gCuideachtaí agus Cleachtais Chorparáideacha a Bhaineann leis a Fheabhsú

Aidhm 2: Cásanna ina bhfuil Amhras faoi Shárú Dhlí na gCuideachtaí a Nochtadh

- Fo-Aidhm 2.1: Socruithe um Nochtadh agus Tuairisciú a fhorbairt le haghaidh Cásanna a bhfuil Amhras faoi Shárú Dhlí na gCuideachtaí
- Fo-Aidhm 2.2: Cásanna a bhfuil Amhras faoi Shárú Achtanna na gCuideachtaí a Aithint
- Fo-aidhm 2.3: Fiosrúcháin Foirmeálta Chuideachta a Thacú/Choimisiúnú

Aidhm 3: Sáruithe Braite ar Achtanna na gCuideachtaí a Ionchúiseamh

- Fo-aidhm 3.1: Polasaí Forfheidhmithe Cothrom a Fhorbairt
- Fo-aidhm 3.2: Seasamh le Ceanglais Nochta Achtanna na gCuideachtaí
- Fo-aidhm 3.3: Pionós a Ghearradh ar Pháirtithe a Dhéanann Neamhshuim de Leasanna Cuideachta nó de Leasanna nach iad
- Fo-aidhm 3.4: Caingean Dlí a Thionscnamh i gcoinne Páirtithe a Dhiúltaíonn Freagracht faoin Dlí

Aidhm 4: Pionós a Ghearradh i leith Iompair Mhíchuí i dtaca le Cuideachtaí Dócmhainneacha

- Fo-aidhm 4.1: Maoirsiú a Dhéanamh ar Leachtaitheoirí agus iad ag Comlíonadh a nDualgas go Cuí
- Fo-aidhm 4.2: Iompar Stiúrthóirí i gCúinsí Leachtaithe Dhóchmhainnigh a Mheas
- Fo-aidhm 4.3: Pionós a Ghearradh i leith Iompair Chaloisigh nó Mhaslaigh

Aidhm 5: Seirbhís den Scoth a Sholáthar do Chustaiméirí Inmheánacha agus Seachtracha

- Fo-aidhm 5.1: Acmhainní OSFC a Dhaingniú agus a Bhainistiú
- Fo-aidhm 5.2: Foireann a Fhorbairt
- Fo-aidhm 5.3: Seirbhísí Custaiméara den Scoth a chur chun cinn agus Caoi a Choinneáil Orthu

Déanann an Tuarascáil seo athbhreithniú ar an dul chun cinn i 2008 trí thagairt a dhéanamh do gach ceann de na haidhmeanna agus de na fo-aidhmeanna seo.

Aidhm 1: Géilliúntas i leith Achtanna na gCuideachtaí a Spreagadh

Réamhrá

Ba den suntas an méid oibre a rinne an Oifig i 2008 chun a sainchúram i leith géilliúntais a chur chun cinn agus baineadh amach torthaí thar na bearta i réimsí éagsúla. Le linn don fhoireann feidhm an ghéilliúntais a fheidhmiú d'ullmhaigh agus d'eisigh siad roinnt foilseacháin shuntasacha, d'fhreastail siad ar níos mó ná 80 imeacht phoiblí agus chuir trína lámha níos mó ná 400 saincheist a bhain le géilliúntas i leith dhlí na gcuideachtaí. Dhéileáil Foireann Fáiltithe na hOifige leis an iomad ceisteanna de chineál níos gnáiche. Tríd is tríd ba bhliain an-shásúil a bhí inti.

Fo-Aidhm 1.1: Faisnéis Inrochtana maidir le Dlí na gCuideachtaí a Fhoilsiú

D'eisigh an Oifig naoi bhfoilseachán faoi leith i 2008 (cúig i 2007). Tá an liosta iomlán ar fáil in **Aguisín 1.1.1** a ghabhann leis an Tuarascáil seo. Déileáiltear anseo thíos leis na cinn is suntasaí de na foilseacháin sin.

Tríd is tríd chuir an Oifig thart ar 24,000 cóip dá foilseacháin éagsúla i gcúrsaíocht i 2008. Tá gach ceann de na doiciméid nuafhoilsithe a phléitear anseo thíos ar fáil ag suíomh idirlín OSFC ag www.odce.ie.

Lámhleabhar faoi Chuideachtaí Bainistithe Úinéirí Maoin Sealbhais

Ba é an Lámhleabhar um Dhlí na gCuideachtaí faoi Chuideachtaí Bainistithe Úinéirí Maoin Sealbhais¹ arna fhoilsiú ag an Oifig an doiciméad treorach ba chuimsithe a eisíodh i 2008. Tá níos mó ná 200 leathanach sa bhfoilseachán tábhachtach sin agus cuireadh i dtoll a chéile é chun feidhmiú na gcuideachtaí seo a fheabhsú amach anseo. Bhí an cineál cuideachta seo maille leis an gceist níos leithne faoi fhorbairt ilaonaid a raibh na cuideachtaí seo bainteach leo ina ábhar conspóide poiblí a pléadh go tráthrialta le blianta beaga anuas. Maidir leis an Lámhleabhair/Treorach um Dhlí na gCuideachtaí arna fhoilsiú ag OSFC is é an ceann is deireanaí i sraith d'fhoilseacháin a d'eisigh an Coimisiún um Athchóiriú an Dlí², an Ghníomhaireacht Tomhaltóra Náisiúnta³ agus páirtithe éagsúla eile inar tugadh aghaidh ar ghnéithe éagsúla den réimse.

Déileáilann Lámhleabhar OSFC leis na saincheisteanna iomadúla agus éagsúla a bhaineann le cuideachtaí bainistithe maoin sealbhais. Ar na hábhair ba thábhachtaí a pléadh bhí:

- bunchéimeanna in éabhlóid chuideachta bhainistithe maoin sealbhais;
- cumhacht vótála chomhaltaí na cuideachta;
- príomhról stiúrthóirí na cuideachta;
- a cruinnithe ginearálta bliantúla;
- an chead faoin dlí atá ag na comhaltaí iarratas ar fhaoiseamh a chur chuig an Ard-Chúirt agus
- ról agus cur chuige OSFC le linn di bheith ag déileáil le saincheisteanna maidir le cuideachta bhainistithe.

Cuireadh an Lámhleabhar i dtoll a chéile trí fhorbairt a dhéanamh ar Pháipéar Comhairliúcháin⁴ a d'eisigh OSFC i Nollaig 2006. Rinneadh páirtithe leasmhara nach mór 70 aighneacht agus bhí tionchar mór ag na tuairimí agus ag na moltaí a léiríodh iontu ar obair ullmhúcháin an Lámhleabhair sular cuireadh an cruth deiridh air. Foilsíodh tráchttaireacht ar an haighneachtaí sin freisin in éindí leis an Lámhleabhar.

Leabhrán um Cuideachtaí Bainistithe – Treoir i leith Dhlí na gCuideachtaí d'Úinéirí Maoin Sealbhais

Mar leabhar compánach don Lámhleabhar atá sách fada d'eisigh an Oifig freisin Leabhrán dar teideal - "Cuideachtaí Bainistíochta – Treoir d'Úinéirí Maoine maidir le Dlí na gCuideachtaí." Ullmhaíodh an treoir achomair seo d'fhonn forléargas a thabhairt do ghnáthchomhaltaí i gcuideachtaí bainistithe maoin chónaithe (.i. úinéirí na maoine sealbhais) maidir lena gcearta faoi dhlí na gcuideachtaí. Is éard a bhí an Leabhrán ceaptha a dhéanamh tráth a scríofa réamheolas ar an réimse a sholáthar; chuirfeadh sé ar chumas daoine ar spéis leo níos mó a fhoghlaim fairsingiú a fháil ar na sonraí a bhí ann tríd an Lámhleabhar a cheadú.

Mínítear sa Leabhrán coincheapa na cuideachta bainistithe agus an ghníomhaire bhainistithe agus tá léirithe ann ról na stiúrthóirí, ról na gcomhaltaí agus ról rúnaí na gcuideachta. Tugtar chun suntais ann an tábhacht atá le ráitis airgeadais na cuideachta, leis an iniúchadh agus leis an tuairisceán bliantúil agus mínítear ann cén chaoi ar féidir le dlí na gcuideachtaí teacht i gcabhair ar chomhaltaí atá ag iarraidh a gcearta a dhearbhu. Sainítear sa Leabhrán freisin an ról sách teoranta atá ag OSFC maidir le haghaidh a thabhairt ar iomad na bhfadhbanna a thagann chun cinn i dtaca le cuideachtaí bainistithe.

1 Fógra Cinnidh D/2008/1. Tá an Lámhleabhar ar fáil ar iasacht ón Oifig nó ag www.odce.ie.

2 Féach ar Tuarascáil ón gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí maidir le Forbairt Ilaonad (Meitheamh 2006) atá le fáil ag www.lawreform.ie.

3 Féach Conclúid agus Torthaí Fóram na bPáirtithe Leasmhara i bhForbairt Ilaonaid agus Ceannach agus Cónaí i Maoin Sealbhais Ilaonaid in Éirinn i bhfoilseacháin na Gníomhaireacht Tomhaltóra Náisiúnta (Meán Fómhair 2008). Tá an dá dhoiciméad ar fáil ag www.consumerproperty.ie.

4 Fógra Comhairliúcháin C/2006/2 – Dréacht-Treoir OSFC ar Rialachas Cuideachtaí Bainistíochta Úinéirí Árasáin.



Lámhleabhar agus Treoir Achomair faoi Chuideachtaí Bainistithe Úinéirí Maoine Chónaithe

Tá an Leabhrán comhchuí leis an áisiúlacht atá ceaptha dó; cuireadh i dtoll a chéile é i gcomhar leis an nGníomhaireacht Náisiúnta um Litearthacht d'Aosaigh agus fuair sé an marc Béarla Soiléir. Tá idir an Lámhleabhar agus an Leabhrán ar fáil i mBéarla agus i nGaeilge ar shuíomh idirlín OSFC ag www.odce.ie. Mar dheis tagartha tá curtha ar fáil ar an suíomh idirlín freisin leagan caibidil i ndiaidh a chéile den Lámhleabhar⁵.

Eisíodh roinnt míle cóip den Leabhrán chuig chomhlachtaí bainistíochta, chuig leabharlanna, chuig ionaid chomhairle saoránach agus chuig ionadaithe poiblí i ndiaidh a fhoilsithe.

Páipéar Chomhairliúcháin faoi Nochtadh Scéil agus Dlí na gCuideachtaí

D'eisigh an Oifig trí cinn faoi leith de Pháipéir Chomhairliúcháin i 2008. Foilsíodh an chéad ceann díobh i Meitheamh agus pléadh ann an mhaith a dhéanann an foráil maidir le nochtadh scéil i ndlí na gcuideachtaí in Éirinn⁶. Is ag deireadh 2007/go luath i 2008 go príomha a chuir foireann OSFC an Páipéar Chomhairliúcháin seo i dtoll a chéile chun rannchuidiú le hiniúchadh ar inmhianaitheacht foráil maidir le nochtadh scéil a chur sa Bhille nua um Chomhdhlúthú na gCuideachtaí⁷ a rinne an Grúpa Athbhreithnithe Dlí Chuideachta (GADC).

Cuireann an páipéar anailís fhorleathan ar fáil maidir le nochtadh scéil laistigh agus lasmuigh de chomhthéacs dhli na gcuideachtaí trí thagairt a dhéanamh do thairbhí dreamanna náisiúnta agus idirnáisiúnta. Tá moladh modhúil reachtach de chuid OSFC ann ar iarracht é comhthoil a chruthú chun foráil i leith nochtadh scéil a chur i ndlí cuideachtaí na hÉireann.

Ar an drochuair ní rabhtas in ann tacaíocht GADC a fháil don mholadh seo. Sa Tuarascáil Bhliantúil a chuir sé faoi bhráid an Aire i Márta 2008⁸ mhol GADC gan foráil maidir le nochtadh scéil a bhain go sonrach le dlí na gcuideachtaí a chur sa Bhille nua um Chomhdhlúthú na gCuideachtaí. Ag deireadh na bliana, tuigtear gur ghlac an Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta le moladh seo an GADC.

In ainneoin mholadh an GADC cinneadh i 2008 go bhfoilseofaí ar leithligh agus glan ar mheasúnacht an GADC féin taighde agus anailís luachmhar OSFC faoi nochtadh scéile. Ag féachaint do na cúinsí as ar eascair foilseachán an Pháipéir Chomhairliúcháin níor socraíodh aon chreat ama faoi leith chun aiseolas a fháil maidir lena raibh d'ábhar ann⁹.

Páipéar Chomhairliúcháin faoi Dhréachtráiteas Straitéise OSFC, 2009-2012

D'eisigh an Oifig i mí Iúil Páipéar Chomhairliúcháin faoi Ráiteas nua Straitéise OSFC don tréimhse 2009-2012¹⁰. Bhí gearr-ráiteas sa Pháipéar a ndearnadh achoimre ar straitéis reatha na hOifige maille le sraith cheisteanna a d'irraidh tuairimí fóinteacha maidir le treoir meántearma agus fadtéarma na hOifige a mhealladh ó lucht a léite. Bhí deireadh leis an tréimhse comhairliúcháin an 30 Meán Fómhair agus fuair an Oifig 13 aighneacht.

Reáchtáil an Oifig roinnt cheardlanna agus chruinnithe don fhoireann d'fhonn ábharthacht na straitéise láithrí agus a oiread agus ba ghá athruithe a dhéanamh amach anseo a mheas.

Tá an Stiúrthóir ag breithniú an ionchuir uile agus á chur isteach i Ráiteas Straitéise nua agus déanfar iarracht sa doiciméad deiridh cuntas iomlán a dhéanamh ar na hathruithe suntasacha a tháinig ar an gcomhshaol eacnamúil agus rialúcháin le roinnt míonna anuas.

Páipéar Chomhairliúcháin faoi Pháirtithe Leasmhara i gCuideachtaí Scéim Méadaithe Gnó

I mí Mheán Fómhair 2008 d'eisigh an Oifig Páipéar Chomhairliúcháin do stiúrthóirí agus d'infeisteoirí i gcuideachtaí a thairbhígh den Scéim Méadaithe Gnó agus dá

5 Ar fáil ag www.odce.ie/ga/media_general_publications_article.aspx.

6 Páipéar Chomhairliúcháin C/2008/1 – Plépháipéar dar teideal 'Whistle-blowing and Irish Company Law'.

7 Tá roinnt eolais faoi chúlra na hoibre seo ar fáil freisin i dTuarascáil Bhliantúil na hOifige do 2007.

8 Tá Tuarascálacha Bliantúla GADC ar fáil ag www.clrg.org.

9 Féadfar tuairimí ar an bPáipéar Chomhairliúcháin um Nochtadh Scéile a sheoladh go consultation@odce.ie.

10 Páipéar Chomhairliúcháin C/2008/2 - Dhréachtráiteas Straitéise Nua OSFC.

scéim deirféar, an Scéim Síolchaipitil¹¹, d'fhonn fadhbanna maidir leis na cuideachtaí sin a thagann chun cinn ó thráth go chéile a mhaolú. Cé gurb iad na Coimisinéirí Ioncainm is príomhfhoinsé treorach i ndáil leis na scéimeanna seo, bhí Páipéar Comhairliúcháin OSFC ag díriú go háirithe ar chearta agus ar fhreagrachtaí stiúrthóirí agus infheisteoirí faoi dlí na gcuideachtaí. Míníodh ann freisin ról tábhachtach an iniúcháora maidir le dearbhú a sholáthar do pháirtithe leasmhara.

Fuair an Oifig ocht bhfreagra ar an bPáipéar Comhairliúcháin. Táthar ag dréachtú na treorach deiridh faoi láthair agus tá sá de rún ag an Oifig í a fhoilsiú sa chéad leath de 2009.

'Corporate Compliance Matters'

D'fhoilsigh an Oifig an nuachtlitir 'Corporate Compliance Matters' i gcomhar leis an Oifig um Chlárú Cuideachtaí mar chuid dá gcomhoibriú leanúnach. Eisíodh an nuachtlitir i Márta 2008 agus dáileadh í ar 240,000 stiúrthóir cuideachta ag a seolta baile. Scríobh foireann na hOifige trí alt ar na hábhair a leanas:

- réimsí arbh fhiú do stiúrthóirí cuideachta aird a dhíriú orthu. Bhí sé seo bunaithe ar thaithí dheireanach na hOifige le linn di déileáil le cásanna inar cuireadh neamhghéilliúntais in iúl di;
- bainistiú praiticiúil fiachais do stiúrthóirí cuideachta, agus
- deacrachtaí gnó a admháil agus aghaidh a thabhairt orthu.

Bileoga Treorach

D'fhoilsigh an Oifig bileoga treorach ar aon leathanach a dáileadh amach ag láithreoirachtaí, ag taispeántais agus ag comhdhálacha a raibh foireann OSFC ag freastail orthu. Bhí na hábhair a pléadh iontu oiriúnach do na coinníollacha deacra eacnamúla atá ann faoi láthair.

- cearta creidiúnaithe;
- an scrúdú sláinte corparáideach, agus
- deacrachtaí gnó a admháil agus aghaidh a thabhairt orthu.

Foilseacháin Phleanáilte

I 2008 thug an Oifig chun críche den mhórchuid mhór an obair a bhain le roinnt leabhrán achoimre a bhí ceaptha bheith ina bhfoilseacháin chompanacha do Leabhair Faisnéise¹² níos cuimsithí faoi dhualgais agus faoi chumhachtaí stiúrthóirí, rúnaithe, scairshealbhóirí agus creidiúnaithe cuideachta, etc. Tá an marc Béarla Soiléir

faighte ag na leabhráin seo ón nGníomhaireacht Náisiúnta um Litearthacht d'Aosaigh agus beidh fáil orthu sul i bhfad. Beidh leaganacha Gaeilge de na foilseacháin seo ar fáil freisin.

Fo-Aidhm 1.2: Géilliúntas a Chur Chun Cinn

Obair Aighneachta

Chuir an méadú foirne ar chumas na hOifige tuilleadh oibre a dhéanamh chun stiúrthóirí cuideachta agus páirtithe leasmhara eile a chur ar an eolas maidir le gnéithe tábhachtacha de dhlí na gcuideachtaí. Chuaigh an Oifig i mbun feachtas fógraíochta ar an raidió in athuair sa chéad leath de 2008 agus dhírigh ar thopaicí a bhí ábhartha do stiúrthóirí agus do scairshealbhóirí. I gcás ábhartha, chuir an Oifig fógraí fánacha i bhfoilseacháin éagsúla ag tabhairt suntais do shaincheisteanna tábhachtacha maidir le dlí na gcuideachtaí agus ag neartú na teachtaireachta *Bí ar an Eolas* ("Get Informed"). Rinneadh gearradh siar riachtanach áfach ar an gcaiteachas ar fhógraíocht agus ar phoiblíocht sa dara leath den bhliain ar iarratais ón Rialtais ciorruithe a dhéanamh ar chaiteachas nach raibh geallta.

I 2008 freisin cuireadh le méid na láithreoirachtaí a rinne foireann OSFC os comhair stiúrthóirí agus páirtithe leasmhara eile maidir le ceisteanna a bhain le dlí na gcuideachtaí agus maidir le hobair na hOifige. Tríd is tríd rinne foireann na hOifige thart ar 65 láithreoiracht os comhair 3,100 duine (45 láithreoiracht i 2007). Tá liosta iomlán de na láithreoirachtaí ar fáil in **Aguisín 1.2.1**.



An tAire Gnóthaí Eachtracha, Micheál Martin, TD, ag buaileadh le foireann OSFC ag Seó BT na nGnóthas Beag i gCorcaigh an 16/17 Bealtaine 2008.

Dhírigh an Oifig a haird ní hamháin ar stiúrthóirí cuideachta príobháidí agus ar dhaoine gairmiúla a leithéidí cuntasóirí agus aturnaetha ach ar an earnáil phobail agus dheonach ar minic a bhíonn comhdhéanamh cuideachta ar a baill d'fhonn áis a bhaint as maoiniú poiblí. Is oibrithe deonacha nach bhfaigheann íocaíocht roinnt mhaith de na stiúrthóirí

11 Páipéar Comhairliúcháin C/2008/3 – Dréachtreoir do Infheisteoirí agus do Stiúrthóirí i gCuideachtaí a bhaineann áis as an Scéim Méadaithe Gnó agus as an Scéim Síolchaipitil.
 12 Fógra Cinnidh D/2002/1.

cuideachta seo agus teastaíonn faisnéis uathu maidir le tábhacht an ról atá acu mar stiúrthóirí agus maidir leis na hoibleagáidí dlí a ghabhann leis an ról sin.

D'fhreastail foireann na hOifige ar sé cinn déag de thaispeántais, de chomhdhála agus d'imeachtaí (seacht i 2007). Tá liosta de na himeachtaí a ndearnadh freastal orthu in **Aguisín 1.2.2**. Chuir an foireann faisnéis maidir le dlí na gcuideachtaí maille le coipeanna de leabhráin treorach ar fáil do na mílte duine a d'fhreastail ar na himeachtaí. I gcás ábhartha, glacadh le gearáin lena n-imscrúdú.

Fiosruithe ón bPobal

I gcaitheamh na bliana, dhéileáil an Oifig ar bhonn leanúnach le ceisteanna de chineál ginearálta agus de chineál sonrach faoi dhlí na gcuideachtaí. Dhéileáil foireann fáiltithe OSFC le ceisteanna ginearálta a leithéidí iarratais ar chóipeanna den leabhrán treorach nó ceisteanna a bhain le sainchúram na hOifige.

Nuair a measadh go raibh gá le freagra níos meáite, d'fhreagair foireann ábhartha na ceisteanna. Dhéileáil an Oifig le thart ar 400 ceist ar an dóigh seo. Tá sampla de na fiosruithe seo i **Léiriú 1.2.2**. Cé gur chuir na daoine a rinne teagmháil leis an Oifig ceisteanna faoi réimse leathan ábhar a bhain le dlí na gcuideachtaí, ba iad na saincheisteanna a tháinig chun cinn go tráthrialta, díospóidí stiúrthóirí agus an chaoi arbh fhearr ceisteanna a leithéidí an bord a theacht i sáinn, ceartha comhaltaí agus stiúrthóirí i gcuideachtaí bainistithe maoin chónaithe agus an oiread agus a bhí tús curtha ag Ionstraim Reachtúil le hachtúcháin shonracha de dhlí na gcuideachtaí a réiteach.

Rud eile ar fiú a luadh le 2008 go raibh méadú ar líon na ndaoine a ghlaoigh isteach le ceisteanna maidir le dócmhainneacht agus le neamhspleách. Mar a luaitear thuas, ba é an chaoi a d'fhreagair an Oifig ar na ceisteanna iomadúla sin airteagail agus bileoga treorach a chur i dtoll a chéile inar cuireadh roinnt faisnéise áisiúla ar fáil do stiúrthóirí cuideachta go háirithe.

Léiriú 1.2.2: Sampla de Fhiosruithe Poiblí ar dhéileáil an Oifig leo i 2008

Ghlaoigh duine isteach le ceist maidir le fiacha nach raibh íoctha ag cuideachta a scoir de bheith ag trádáil. D'aistrigh an stiúrthóir sócmhainní na cuideachta go gnó nua ina dhiaidh sin agus lean de bheith ag trádáil mar thrádálaí aonair.

Cuireadh in iúl don té a ghlaoigh isteach gur ábhar sibhialta a bhí in aisghabháil fiach, gur bhain sé leis na páirtithe agus gur chóir comhairle dlí neamhspleách a iarraidh. Moladh don ghlaoiteoir dul go dtí suíomh idirlín OSFC agus treoir dheireanach maidir le Cearta Creidiúnaithe "Rights of Creditors" a cheadú.

Rinne comhalta cuideachta bainistithe gearán nach rabhtas ag bainistiú na cuideachta mar ba chúif. Ba shuarach an obair chothabhála a bhíodhas ag déanamh ar an gcoimpléasc cé go raibh muirir sách ard á ngearradh. Níorbh fheasach do chomhaltaí na cuideachta bainistithe aon chruinnithe ginearálta bliantúla (CGBanna) a bheith tionóltha agus dá réir ní raibh focal le cloisteáil uathu nuair a toghadh na stiúrthóirí. Ní fuair siad riamh cóipeanna de ráitis airgeadais na cuideachta. De bhreis air sin rinne siad gearán maidir le feidhmíocht mhíshásúil an ghníomhaire bhainistithe.

Dúradh leis an té a ghlaoigh isteach nár mhór don chuideachta CGB a thionól gach bliain féilire agus nach gceadaítear tréimhse níos faide ná 15 mhí idir gach CGB. Tá sé de cheart ag comhaltaí fógra a fháil 21 lá sular tionóladh cruinniú maille le chlár oibre an chruinnithe agus cóipeanna dá ráitis airgeadais. Moladh don ghlaoiteoir dul go dtí suíomh idirlín OSFC agus súil a chaitheamh ar threoracha faisnéise maidir le dualgais chuideachtaí agus stiúrthóirí. Tugadh cuireadh dó freisin foirm ghearáin a chur isteach i ndáil le loiceadh na cuideachta CGBanna a thionól. Dúradh leis gurbh amhlaidh de ghnáth gur ábhar conartha idir an cuideachtaí bainistithe agus an gníomhaire a bhí i bhfeidhmíocht an ghníomhaire bhainistithe.

Chuir comhalta na cuideachta in iúl gur dhiúltaigh Rúnaí na Cuideachta dá iarratais ar chóip de chlár na gcomhaltaí ar an bhforas nach raibh sé de chead ag an gcuideachta faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí na sonraí a eisiúint gan réamhcheadúnas na gcomhaltaí.

Cuireadh in iúl don duine sin go raibh sé de chead ag comhaltaí cóip den chlár a fháil faoi Alt 119 de Acht na gCuideachtaí 1963. Má chliseann ar an gcuideachta an t-iarratas a chomhlíonadh is cóir gearán a chur chuig OSFC.

D'iarr stiúrthóir cuideachta cúnaimh i ndáil le díospóid inmheánach idir bheirt stiúrthóirí a bhí ina scairshealbhóirí freisin. Bhí ról an chinnteora glactha chuige féin ag stiúrthóir amháin acu agus bhí an duine eile eisiata aige ó gach aon ghné de bhainistiú na cuideachta. Is céard is féidir leis an stiúrthóir a dhéanamh?

Cuireadh in iúl don ghlaoiteoir gurbh ar an mbeirt stiúrthóirí a bhí an fhreagracht réiteach a fháil ar an díospóid. Más gá ba chóir comhairle dlí neamhspleách a iarraidh. Ar deireadh thiar, d'fhéadfadh an Ard-Chúirt foirceannadh na cuideachta a ordú.

Teagmhálaithe sna Meán

D'eisigh an Stiúrthóir cúig ráiteas fhoirmeálta preasa i 2008 mar a chuirtear in iúl in **Aguisín 1.2.3**. Dhéileáil an Oifig freisin le breis agus 100 ceist ó na meán.

Ó am go chéile rinne an Stiúrthóir roinnt agallamh leis na meán chun obair na hOifige i leith géilliúntais a chur chun cinn. Cás a léiríonn sin ba ea foilseachán na treorach maidir le cuideachtaí bainistithe.

Ina theannta sin scríobh foireann OSFC roinnt alt sna meán nó chuidigh le páirtithe eile chun alt a scríobh sna meán inar pléadh ceisteanna cosúil le hobair leanúnach na hOifige agus impleachtaí na ndeacrachtaí eacnamúla reatha ar dhlí na gCuideachtaí. Bhí an Oifig i súile an phobail i níos mó ná 500 alt sa phreas agus sna meán go háirithe i dtaca lena hobair forfheidhmithe.

Fo-Aidhm 1.3: Dlí na gCuideachtaí agus Cleachtais a Bhaineann leis a Fheabhsú

Thug an Oifig dhá fhreagra foirmeálta do pháipéir chomhairliúcháin i 2008.

Tugadh an chéad cheann don Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí (SIP) agus bhain sé le Plépháipéar dá chuid ar Pholasaí i leith Ionchúiseamh mar ar pléadh Nochtadh Fáthanna na gCinntí¹³. San aighneacht a rinne an Oifig d'aontaigh sí go ginearálta le moladh an SIP na fáthanna a nochtadh in imthosca áirithe do na páirtithe a ndéanann siad dífeair dóibh i gcás a ndearnadh cinneadh gan cás a ionchúiseamh. Maidir le sonraí dúirt an Oifig go gcuirfí ar fáil nuair ba chúig ráiteas iomlán mar a nochtfaí na fáthanna ba thaca le cinneadh gan dul ar aghaidh le hionchúiseamh mura mbainfeadh nochtadh dá leithéid de cheart an duine ar a dheá-cháil nó ar thiomhde na neamhchiontachta.

Maidir leis an dara aighneacht ón Oifig ba fhreagra í ar Pháipéar Comhairliúcháin a d'eisigh an Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta (RFTF) a bhain le trasúmh Treoir 2006/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹⁴. Foráiltear sa Treoir do cheangail nua maidir le, mar shampla, nochtadh i leith rialachas corparáideach, maidir le soiléiriú ar fhreagracht an bhoird as ráitis airgeadais agus as faisnéis thábhachtach neamhairgeadais, maidir le trédhearcacht i leith caidreamh idirghrúpa agus maidir le hidirbhearta le páirtithe bainteacha. Cuireadh sraith cheisteanna sa Pháipéar RFTF a bhain le cur chun feidhme na Treorach ar bhonn náisiúnta. Thacaigh an Oifig ar bhonn ginearálta le ceangail fheabhsaithe i leith nochtadh agus chuir i gcoinne aon mhéaduithe ar thairseacha a cheadódh do chuideachtaí nochtadh dá leithéid a theorannú.

Bhí roinnt le rá ag an Oifig freisin le RFTF maidir le freagra Institiúid na Stiúrthóirí in Éirinn ar Dhhréachtbhillle um Cheartas Coiriúil (Sciúradh Airgid) 2008¹⁵. Chuir an Oifig in iúl go mbeadh sí ag tacú leis an nGarda Síochána le go gcoinneodh siad a gcumhachtaí reatha sa réimse seo agus léirigh na deacrachtaí ar casadh orthu ó thráth go chéile faoin dlí mar a bhí sé faoi láthair maidir le hainmneacha stiúrthóirí rógaire a chinntiú.

Grúpa Athbhreithnithe um Dhlí na gCuideachtaí

Is ball an Stiúrthóir den Ghrúpa Athbhreithnithe um Dhlí na gCuideachtaí (GADC), agus ina cháil mar bhall d'fhreastail sé ar roinnt chruinnithe den Ghrúpa i 2008 mar ar cuireadh tús le plé ar an gclár oibre nua a mhairfidh ar feadh dhá bhliain go deireadh na bliana 2009.

Go deireanach i 2008 d'fhoilsigh an GADC a Thuarascáil Bliantúil don bhliain 2007 inar léiríodh an smaointeoireacht taobh thiar de na moltaí a rinne sé maidir leis na saincheisteanna a tháinig chun cinn faoina chlár oibre 2006/2007. Tá cóip de Thuarascáil an GADC ar a shuíomh idirlín ag www.clrg.org. Gheofar breis eolais maidir leis na moltaí a raibh spéis ag OSFC iontu i dTuarascáil Bhliantúil OSFC don bhliain 2007.

NSAI – ISO 26000 um Fhreagracht Shóisialta Chorporáideach

Is suntasach an dul chun cinn atá déanta ag Eagraíocht Idirnáisiúnta na gCaighdeán (ISO) i ndáil le caighdeán domhanda a chruthú i réimse na Freagrachta Sóisialta Corparáidí i 2008. Chuidigh OSFC ar bhonn leanúnach agus ar bhealach cuí leis an obair ina cáil mar bhall de Choiste Scátháin 'Mirror Committee' na hÉireann atá a bhainistiú ag an Údarás um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann agus a bhfuil sé de thasc aige obair ISO a athbhreithniú ar son an Stáit. De bhrí go bhfuil an caighdeán ag céim Réamhdhréachtaithe Coiste faoi láthair, níl fáil ag an bpobal air chun é a scrúdú.

Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann (UMICE)

Tá an Stiúrthóir ina stiúrthóir ar bhord UMICE chomh maith le bheith ina bhall dá Choiste Luach Saothair agus lean sé leis i 2008 ag comhoibriú lena chomhghleacaithe stiúrthóirí chun sainchúram an Údaráis a chur chun cinn. Ag deireadh na bliana ceapadh é mar chomhalta ar Choiste Fiosrúcháin UMICE a dhéanfaidh imscrúdú i 2009 ar líomhaintí a rinneadh i gcoinne Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn in alt a scríobhadh i nuachtán tamall ó shin. Beidh cóip de Thuarascáil Bhliantúil UMICE ar fáil ag a shuíomh idirlín ag www.iaasa.ie i lár na bliana 2009.

13 Tá tuilleadh eolais ar Phlépháipéar SIP agus ar thorthaí an bhirt chomhairliúcháin ar fáil ag www.dppireland.ie/publications/reasons_project/.ie/publications/reasons_project/.

14 Tá teacs iomlán na Treorach ar fáil ag <http://eur-lex.europa.eu/LexUriServ/LexUriServ.do?uri=CELEX:32006L0046:EN:HTML>.

15 Tá tuilleadh faisnéise faoin mBille seo ar fáil ag www.justice.ie/en/JELR/Pages/PB08000277.

International Association of Insolvency Regulators (IAIR)

Is ball OSFC de IAIR agus bíonn sé rannpháirteach ar bhonn gníomhach ina chlár oibre bliantúil. Ag a gComhdháil Bhliantúil i St Petersburg i Meitheamh léirigh foireann OSFC torthaí dhá staidéar taighde a rinne OSFC thar cheann IAIR.

Bhain staidéar amháin le fíntas comhroinnt faisnéise idir rialaitheoirí dócmhainneachta náisiúnta i gcúinsí ina bhfuil tráchtáil an domhain ag méadú níos mó ná riamh thar theorainneacha náisiúnta amach. Is de bharr an taighde a cuireadh eolair ar fáil le foinsí faisnéise do bhaill IAIR chun cuidiú leo i gcás go raibh siad ag iarraidh comhoibriú lena chéile tráth a mbeadh dócmhainneachtaí trasnáisiúnta nó dócmhainneachtaí náisiúnta le diminsean idirnáisiúnta i gceist. Is i gcomhar le hOifig an Mhaoirseora Féimheachta i gCeanada a rinneadh an taighde seo.

Sa dara staidéar taiscéaladh an oiread agus a tugadh aitheantas frithpháirteach i ndlínsí IAIR do phionóis a cuireadh ar dhaoine aonair de bharr a mí-iompair san am atá caite in imthosca dócmhainneachta. Thug an staidéar le tuiscint go mbeadh breis oibre tairbhiúil chun na creata rialúcháin a neartú anseo agus i gCeanada. Tá tuarascálacha an dá staidéar ar fáil i rannán na bhfoilseachán de shuíomh idirlín IAIR ag www.insolvencyreg.org.

Ar cuireadh ó IAIR gheall OSFC go mbeadh sí ina óstach ar a Chomhdháil don bhliain 2010 i mBaile Átha Cliath.

Léirmheas Lucht Aonghairme ECFE ar an gComhdháil um Breabaireacht

Rinne tagairt i dTuarascálacha Bliantúla OSFC 2006 agus 2007 don Chomhdháil um Chomhrac Bhreabaireacht na n-Oifigeach Poiblí Eachtrannach in Idirbhearta Gnó Idirnáisiúnta (1997).¹⁶ I ndáil le hoibleagáidí na hÉireann faoin gComhdháil seo den Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (ECFE) a chur chun feidhme, bhunaigh an Rialtas Coiste Géilliúntais Oifigeach Sinsearach i 2007 agus tá ball foirne OSFC ag freastail ar an gCoiste seo.

I Meitheamh 2008, thug foireann imscrúdaithe (le himscrúdaitheoirí ceannaireachta ón Eastóin agus ón Nua-Shéalainn, maille le hoifigigh ó Rúnaíocht an ECFE) cuairt ar Bhaile Átha Cliath d'fhonn a raibh déanta ag Éire chun a hoibleagáidí faoin gComhdháil a chur chun feidhme a fhiosrú. Bhí plé le ag na himscrúdaitheoirí le líon mór de na páirtithe lena mbaineann ar a n-áirítear oifigigh OSFC. Rinneadh tuarascáil measúnaithe ECFE ina dhiaidh sin ar chur chun feidhme na Comhdhála ag Éire agus foilsíodh i Nollaig 2008 í.¹⁷

Páirtíocht leis an gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí (CAD)

Mar a tugadh le fios sa Tuarascáil Bhliantúil i 2007 thug OSFC freagairt ar Pháipéar Comhairliúcháin an CAD faoi Fhorbairtí Ilaonaid. Sa chéad leath de 2008 chuaigh OSFC i mbun páirtíochta leis an gCoimisiún in athuair chun cuideachtaí bainistithe maoin sealbhais a phlé.

Ag leanúint as an bPáipéar Comhairliúcháin d'fhoilsigh an CAD Tuarascáil dar teideal Forbairtí Ilaonaid 'Multi-Unit Developments'¹⁸ i Meitheamh 2008. Rinneadh inter alia sa Tuarascáil seo moltaí éagsúla maidir le hathrú faoin dlí, agus in **Aguisín 2** den Tuarascáil tá dréacht-Bhille um Fhorbairtí Ilaonaid a bhfuil sé d'aidhm aige na moltaí sa Tuarascáil a chur i bhfeidhm. Ba chúis sásaimh do OSFC na tráchtáil fabhracha faoi obair threorach OSFC i ndáil le cuideachtaí bainistithe maoin sealbhais i dTuarascáil an Choimisiúin.

Coiste Idir-rannóige Ardleibhéil um Fhorbairtí Ilaonaid

Tar éis fhoilseachán Pháipéar Comhairliúcháin an CAD ar Fhorbairtí Ilaonaid, chinn an Rialtas i 2007 Coiste Idir-Rannóige Ardleibhéil a bhunú ina mbeadh ionadaithe ó na Rannóga agus ó na hOifigí ábhartha a chabhródh chun freagra comhleanúnach agus cuimsitheach a thabhairt ar anailís agus ar mholtaí an Choimisiúin. D'fhóin oifigeach OSFC mar chomhalta sa Choiste seo a fhad is a bhí an Coiste i mbun gníomhaíochtaí.

I Lúnasa 2008 chuir an Coiste foirceann leis an bplé agus chuir sé an Tuarascáil ar aghaidh chuig an gCoiste Chomh-Aireachta um Fhorbairtí Ilaonaid (i ndiaidh fhoilseachán Thuarascáil an CAD do mhí an Mheithimh 2008 dá dtagraítear thuas).

Conclúid

Is príomhinneall tiomána chun cultúr an ghéilliúntais a chur chun cinn sa Stát obair na hOifige i ndáil leis an ngéilliúntas. Le go mbeidh an obair sin éifeachtúil áfach ní mór go dtabharfar tacaíocht di trí chóras inchreidte le gníomhartha cothroma agus éifeachtúla a spreagfaidh daoine agus eagrais chun mainneachtanaí a cheartú agus chun lucht an éagóra a phionósú más cuí. Leagtar amach sna rannán eile den Tuarascáil seo an chaoi a ndearna an Oifig an obair seo i 2008.

¹⁶ Tá faisnéis faoin gComhdháil ar fáil ag www.oecd.org agus ag www.anticorruption.ie.

¹⁷ www.oecd.org/dataoecd/33/6/41869600.pdf

¹⁸ LRC 90 – 2008, ar fáil ag www.lawreform.ie.

Aidhm 2: Cásanna ina bhfuil Amhras faoi Shárú Dhlí na gCuideachtaí a Nochtadh

Réamhrá

Sa mheasúnú atá OSFC ag déanamh ar chásanna ina bhfuil amhras faoi shárú dhlí na gcuideachtaí is mian léi iompar corparáideach a fheabhsú agus cultúr an ghéilliúntais i leith Achtanna na gCuideachtaí a chothabháil. Tá sé d'aidhm ag an Oifig iompar mídhleathach a cheartú i gcás go mbeireann an lucht atá ciontach as na mainneachtanaí buntáiste míchothrom iomaíochta nó eile, bíodh sé iarbhir nó ionchasach ar pháirtithe leasmhara eile na cuideachta de thoradh an mhí-iompair sin. O thráth go chéile áfach féadfaidh sé gurbh fhiú caingean dlí a thionscnamh i leith an iompair atá i gceist agus sa chás sin déanfar imscrúdú foirmeálta.

Fo-Aidhm 2.1: Socruithe Braite agus Tuairiscithe le haghaidh Cásanna a bhfuil Amhras faoi Shárú Dlí Cuideachta a Fhorbairt

Arís sa bhliain 2008 líomhnaíodh sárúithe ar Achtanna na gCuideachtaí i líon mór tuarascálacha iniúchára agus gearán poiblí a fuair an Oifig. Gné suntasach den bhliain 2008 áfach ba ea gur braitheadh mainneachtanaí maidir le ráitis airgeadais i ndiaidh don OSFC cinneadh a dhéanamh aird níos géire a dhíriú ar ráitis airgeadais chuideachtaí a bhí faoi theorainn ráthaíochta go háirithe.

Is ó na príomhearnálacha gnó a leanas a d'eascair na cásanna a tháinig chun cinn i 2008.

Gearáin/Tuairiscí de réir Earnáil Ghnó i 2008	% na nGearán/dTuarascálacha
Eastát réadach, Ligeán ar Cíos agus Gníomhaíochtaí Gnó Gaolmhara	26%
Seirbhísí Pobail agus Pearsanta	17%
Foirgníocht	9%
Mórdhíol, Miondíol agus Trádáil Mhótarfheithiclí	7%
Iompar agus Cumarsáid	6%
Déantúsaíocht	6%
Idirghabháil Airgeadais	3%
Óstáin agus Bialanna	3%
Earnáil eile Ghnó	9%
Earnáil Ghnó Anaithnid	9%
Gan bheith ina chuideachta	5%
Iomlán	100%

Líon/Foinsí na Saincheisteanna a Imscrúdaíodh

Osclaíodh 627 gcás i 2008, titim de 7% ó na 674 chás a osclaíodh i 2007. In **Aguisín 2.1.1** tá breis sonraí faoi na figiúirí seo.

Titim de 11% ar líon na ngearán a fuarthas ón bpobal ó 331 i 2007 go 295 i 2008 ba shiocair leis an gcuid is mó den laghdú sin. Ba léir áfach ardú de 8% ó 204 i 2007 go 221 i 2008 ar líon na dtuarascálacha a fuarthas ó iniúcháirí, ó chomhlachtaí cuntasáíochta aitheanta agus ó dhreamanna eile a bhfuil sé de dhualgas orthu cásanna a bhfuil amhras faoi shárú Achtanna na gCuideachtaí a thuairisciú don OSFC. Bhí ardú de 11% ar líon na dtuarascálacha iniúchára agus ba iad ba mhó ba chúis leis an méadú seo ar chásanna.

Ba é 'mír feachtais' OSFC trínar díriodh aird ar bhrath na n-easnamh i ráitis airgeadais chuideachtaí a bhí faoi theorainn ráthaíochta, faoi deara do chuid mhaith den fhuilleach. Ba é an scrúdú a rinneadh ar ghéilliúntas i leith oibleagáidí nua maidir le nochtadh i Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Cuideachtaí) (Leasú) 2007 an 'mír feachtais' comhfhreagrach i ndeireadh na bliana 2007.

Comhoibriú idir Údaráis Rialúcháin

Ó tharla go bhfuil cumhachtaí na hOifige chun doiciméid agus áitribh a imscrúdú teoranta is mór is gá don Oifig dul ar iontaoibh faisnéise poiblí agus tríú páirtithe chun cásanna ar féidir mí-iompar bheith i gceist a aithint. Tá sé tábhachtach dá bhrí sin go mbeadh raon leathan ag na foinsí faisnéise atá aici maidir le cásanna ar féidir sárú dlí cuideachta bheith i gceist, agus is é sin an fáth go mbíonn an Oifig ag iarraidh ar bhonn leanúnach rialtóirí eile a spreagadh chun cásanna ar féidir neamhghéilliúntas i leith Achtanna na gCuideachtaí bheith i gceist a thuairisciú. Uaireanta cuirtear cruth foirmeálta ar na socruithe comhroinnte faisnéise frithpháirteacha seo i Meamraim Thuisceana (MTanna) dhéthaobhacha.

Teagmháil OSFC/Comhlachtaí Cuntasáíochta

Tá caidreamh dearfach idir OSFC agus na comhlachtaí cuntasáíochta gairmiúla agus tionóladh cruinnithe go tráthrialta i 2008 ag leibhéal teicniúil agus iomlánach chun athbhreithniú a dhéanamh ar shocruithe maidir le tuairiscí a chur ó iniúcháirí agus ó na comhlachtaí féin go dtí OSFC agus ar a sheal ó OSFC go dtí na comhlachtaí. Cuireadh tús le hobair forbartha ar threoir athbhreithnithe do iniúcháirí chun cuidiú leo cásanna a bhfuil amhras faoi chionta indíotáilte faoi Achtanna na gCuideachtaí a thuairisciú. De ghnáth bíonn réimse na gcionta a chuireann iniúcháirí in iúl sách cúng agus chuir an Stiúrthóir in iúl ar go leor ócáidí go raibh imní air faoi sin agus tá súil leis go nochtaiigh lucht na gairme sin mainneachtanaí níos éagsúla de bharr na treorach nuair a chuirfeadh an cruth deiridh uirthi.

I Samhain 2008 cuireadh prótacail nua i bhfeidhm chun saincheisteanna ó OSFC a bhain le baill aonair ó ghairm na cuntasáiochta, a chur faoi bhráid na gcomhlachtaí. Ba éard a spreag na prótacail seo sraith d'atreoruithe a rinne OSFC do na comhlachtaí agus do Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasáiochta na hÉireann (UMICE) a d'eascair as mainneachtanaí i leith ráiteas airgeadais a bhraith OSFC, go príomha i gcuideachtaí faoi theorainn ráthaíochta. Molann OSFC gníomhaíocht na comhlachtaí atá i gceist sa mhéid is go bhfuil sé curtha in iúl acu dá mbaill go bhfuil cuideachtaí faoi theorainn ráthaíochta neamh-incháilithe le haghaidh díolúine ó iniúchadh. Tá súil leis go bhfeabhsóidh sin an géilliúntas i leith na hoibleagáide reachtúla seo amach anseo.

Rinneadh obair i rith na bliana chun foclaíocht na hoibleagáide in Alt 202 d'Acht na gCuideachtaí 1990 faoina bhfuil sé de cheangal ar chuideachtaí agus ar stiúrthóirí leabhair chuí chuntais a choinneáil a athbhreithniú. Is é an aidhm atá ag an athbhreithniú seo rún agus raon feidhme na hoibleagáide a shoiléiriú i gcomhthéacs an chomhshaoil tráchtála reatha. Tá sá de rún againn go gcuirfear aon fhoclaíocht athbhreithnithe ar aghaidh lena bhreithniú in am agus i dtráth mar chuid den Bhille um Chomhdhlúthú agus Athchóiriú Cuideachtaí arna bheartú.

Teagmháil OSFC/UMICE

Tharla teagmháil go tráthrialta ag leibhéal na foirne idir an dá chomhlacht i 2008. Chomh maith le saincheisteanna na mainneachtanaí i leith ráiteas airgeadais a luaitear thuas ba chúis teagmhála tráthrialta freisin cásanna de dhaoine neamhcháilithe ag gníomhú mar iniúchóirí.

Teagmháil OSFC/Coimisinéirí Ioncain

Tharla teagmháil fhorleathan i rith na bliana leis na Coimisinéirí Ioncain maidir le ceisteanna a bhain le dlí na gcuideachtaí. Bhain an teagmháil go háirithe le hobair na hOifige trína dtugtar aghaidh ar an réimse a bhaineann le cuideachtaí dócmhainneacha neamhleachtaithe i gcasanna gur creidiúnaí substaintiúil atá sna Coimisinéirí Ioncain. Go hiomlán, roinneadh faisnéis faoi 80 chuideachta agus iarchuideachta.

Teagmháil OSFC/Rialtóir Airgeadais

Bhí teagmháil níos minice idir OSFC agus an Rialtóir Airgeadais i rith na bliana agus chuaigh an caidreamh eatarthu i dtreise dá réir. Go deireanach i 2008 casadh an Stiúrthóir agus Phríomhfheidhmeannach an Rialtóir Airgeadais lena chéile chun teacht ar chomhaontú maidir le hathbhreithnithe ar an Meamram Tuisceana (MT), agus síníodh MT athbhreithnithe.

Teagmháil OSFC/Bord na bPinsean

Tionóladh réamhchruinniú idir OSFC agus Phríomhfheidhmeannach Bhord na bPinsean chun an comhoibriú maidir le cásanna a bhaineann le cuideachtaí dócmhainneacha a bhain íocaíochtaí pinsin ó fhostaithe ach nár chuir an íocaíocht sin ar aghaidh chuig an soláthraí

pinsin a chur ar bhonn foirmiúil. Chuir OSFC dréacht-MT chuig Bhord na bPinsean lena bhreithniú agus beifear á thabhairt chun críche i 2009.

Teagmháil OSFC/Biúro an Ghárda um Imscrúdú Calaoise (BGIC)

Ar an gcéad ásc tharla teagmháil go tráthrialta idir bhaill an Garda ar iasacht ag OSFC agus a gcomhghleacaithe i BGIC agus i rannóga eile den Fhórsa.

Ar cuireadh ón BGIC d'fhreastail an Stiúrthóir i 2008 ar láithreoireacht a rinne an Federal Bureau of Investigation ó Stáit Aontaithe Mheiriceá i mBaile Átha Cliath. Bhí ionadaithe ó rialtóirí agus ó eagrais airgeadais eile i láthair freisin.

Teagmháil OSFC/Oifige um Chlárú Cuideachtaí (OCC)

Chuidigh foireann na hOifige um Chlárú Cuideachtaí (OCC) le hobair na hOifige, go háirithe chun doiciméadú tionscantaigh cláraithe a bhféadfadh OSFC úsáid a bhaint as in imeachtaí cúirte a chur ar fáil don OSFC agus a dheimhniú.

Fo-Aidhm 2.2: Cásanna a bhfuil Amhras faoi Shárú Achtanna na gCuideachtaí a Aithint

Go ginearálta ba léir ar an bpointe ó thuarascálacha iniúchóra agus ó obair bhraite na hOifige féin cérbh iad na saincheisteanna a bhain le neamhghéilliúntas braite. I gcás gur ghá a dhéanamh amach cé acu sáruithe iarbhir ar dhlí na gcuideachtaí nó nach ea a bhí i gceist, chuaigh foireann OSFC i dteagmháil leis na gearánaithe ábhartha.

Cineál na Saincheisteanna atá aitheanta i dTuarascálacha Iniúchóra agus i dTuarascálacha Sainordaitheacha eile

Sa 221 thuarascáil shainordaitheacha a fuarthas i 2008 luadh seacht bpríomhchineál cáis ina raibh amhras faoi chion. In **Aguisín 2.2.1** den Tuarascáil seo ainmnítear cineálacha na gcion a tuairiscíodh.

Mar ab amhlaidh sna blianta a chuaigh roimhe seo ba thréith de 87% de na mainneachtanaí a tuairiscíodh an dá fhionnachtain a leanas:

- Bhain 161 chás le hidirbhearta iomarcacha stiúrthóirí mar ar bhain stiúrthóirí úsáid as cistí cuideachta contrártha leis na srianta in Alt 31 de Acht na gCuideachtaí 1990. B'ionann agus méadú de 17% ar na 138 dtuarascálacha a fuarthas i 2007 an figiúr seo;
- Tuairiscíodh 32 cás i 2008 ina raibh amhras faoi mhainneachtain maidir le leabhair chuí chuntas a choinneáil contrártha le hAlt 202 d'Acht na gCuideachtaí 1990. Ba dhíol fáilte an laghdú sin ar an 40 thuarascáil a fuarthas i 2007.

Iasachtaí Stiúrthóirí

Tugadh chun suntais i dTuarascálacha Bliantúla OSFC roimhe seo feiniméan idirbhearta na stiúrthóirí agus, ar an drochuair, tharraing imeachtaí na bliana 2008 aird an phobail ar an saincheist seo ar bhonn leanúnach.

Maidir le 161 chás inar tuairiscíodh idirbhearta iomarcacha stiúrthóirí, d'fhás méideanna na n-iasachtaí a bhain leo go €134 milliún i 2008, méadú faoi cheathair ar an €33.7 milliún a thuairiscigh iniúcháirí i 2007. Gné áirithe ba ea cásanna inar ghlac stiúrthóirí le hiasachtaí ó chuideachtaí in earnáil na tógála agus in earnáil fhorbairt na maoin sealbhais; tuairiscíodh i 47 dtuarascáil iniúcháir gur glacadh le hiasachtaí de thart ar €98 milliún. Is ionann an méid seo agus thart ar 73% de ne hidirbhearta uile a thuairiscigh iniúcháirí i 2008.

Ag féachaint don dualgas cruthúnais ard a bhaineann le hionchúiseamh na mainneachtanaí seo lean an Oifig ar aghaidh i 2008 lena polasaí seanbhunaithe stiúrthóirí a spreagadh chun na hiasachtaí a bhí i gceist a thabhairt ar ais don chuideachta agus foláireamh a thabhairt dóibh maidir le hiarmhairtí amach anseo dá ndéanfaí an mainneachtain in athuair. D'íoc stiúrthóirí cuideachta thart ar €164 milliún ar ais agus thug an Oifig rabhadh do 423 stiúrthóir i rith na bliana; ba iad na hiniúcháirí a chuir an chuid is mó de na cásanna in iúl dúinn. Ag deireadh na bliana bhí 43 chás idir lámha, ceann amháin acu a bhí an-tábhachtach.

Cineál nua cáis a tháinig chun cinn i 2008 ba ea cás ar dealraitheach go raibh loiceadh i ráitis airgeadais cuideachta i ndáil le nochtadh dóthanach a dhéanamh ar idirbhearta stiúrthóirí. Tháinig an cheist seo chun cinn go háirithe i gcás Anglo Irish Bank Corporation plc (“Anglo”) agus ba é go díreach faoi deara éirí as a phost don chathaoirleach agus do stiúrthóir eile a thairbhígh de na hiasachtaí sin. B'ábhar an cheist seo de mhionscrúdú a rinne foireann OSFC ag deireadh na bliana.

Leagadh síos in Ailt 41 go 46 d'Acht na gCuideachtaí 1990 na hoibleagáidí maidir le nochtadh arbh ábhar iad do Threoir a thug OSFC roimhe seo¹⁹. Go bunúsach ní mór faisnéis a bhaineann le hidirbhearta idir cuideachtaí agus a stiúrthóirí nó idir cuideachtaí agus páirtithe eile a bhfuil baint acu leis na stiúrthóirí a nochtadh sna nótaí a ghabhann le ráitis airgeadais cuideachta. Baineann forálacha speisialta in Ailt 43 agus 44 le baint cheadúnaithe go háirithe. Ag féachaint dar tharla le Anglo, chinn OSFC i ndeireadh mhí na Nollag litir a scríobh chuig thart ar 40 banc cheadúnaithe sa Stát chun an oiread is a bhí siad ag comhlíonadh a n-oibleagáidí faoi Ailt 43 agus 44 a mheas.

Cineál na Saincheisteanna sainaitheáidh i dTuarascálacha Deonacha agus i mBraith eile

In **Aguisín 2.2.2** léirítear i bhfoirm achomair tréithe na

ngearán éagsúla poiblí agus na saincheisteanna braite eile a tháinig chun suntais i 2008.

Cuideachtaí Bainistithe Maoin Sealbhais

Cuireadh 61 ghearán breise maidir le cuideachtaí bainistithe chuig OSFC i 2008. Mar ab amhlaidh sna blianta a chuaigh roimhe seo bhain roinnt de na gearáin seo le saincheisteanna nach de shainchúram na hOifige iad (a leithéid leibhéal na muirear seirbhíse agus leithdháileadh na limistéir chomónta ar an gcuideachta bhainistithe gan bheith déanta). Bhain na saincheisteanna um dhlí na gcuideachtaí sna cásanna seo go príomha le loiceadh maidir le:

- cruinnithe ginearálta bliantúla (CGBanna) a thionól;
- comhaltaí a chur ar an eolas go tráthúil go raibh na chruinnithe seo á dtionól;
- na cuntais airgeadais is deireanaí den chuideachta a nochtadh do chomhaltaí agus
- cead a thabhairt chun cláir chuideachta a imscrúdú.

Tá sampla de chás cuideachta bhainistithe i mbloc árasán i gCathair Bhaile Átha Cliath léirithe i **Léiriú 2.2.1**; arís agus arís eile bhí fadhbanna leis ach rinne OSFC réiteach sásúil orthu ar bhonn riaracháin.

Léiriú 2.2.1: Cás Cuideachta Bhainistithe Maoin Chónaithe

I 2008 fuair OSFC roinnt ghearán ó chomhaltaí cuideachta bhainistithe maoin sealbhais ar chás dóibh go raibh loicthe ag an gcuideachta CGB a thionól agus cuntais athbhreithnithe neamhghiorraithe iniúchta na cuideachta a sholáthar do na comhaltaí. Ghlac an Oifig leis gur chomhaltaí den chuideachta i ndáiríre a bhí san gearánaithe agus go raibh cuimse chumarsáide déanta acu le rúnaí na cuideachta ar feadh achair sách fada ag iarraidh go dtabharfaí aghaidh ar a raibh ag cur imní orthu. Gheall rúnaí na cuideachta dóibh de réir dealraimh níos mó ná uair amháin go réiteofaí na heasnaimh aitheanta.

Chrom OSFC ar litir a scríobh chuig stiúrthóirí na cuideachta ag iarraidh faisnéis áirithe maidir lena ndualgais reachtúla agus an dóigh a raibh siad á gcomhlíonadh agus thaispeáin sé go raibh gnáthoibriúchán na cuideachta curtha faoi chúram rúnaí na cuideachta agus na ngníomhairí bainistithe. Ansin mar fhreagra ar idirbheart OSFC:

- thionóil na stiúrthóirí CGB de réir Achtanna na gCuideachtaí;
- dheimhnhigh siad go raibh fáil ar iniúcháir na cuideachta agus
- gheall siad go mbeidh deis ag na comhaltaí leabhair agus taifid na cuideachta a cheadú.

Ina dhiaidh sin ghlac na comhaltaí páirt sa CGB agus fuair siad cóipeanna roimh ré de ráitis airgeadais iniúchta na cuideachta.

¹⁹ Tá an Treoir faoi Idirbhearta a bhaineann le Stiúrthóirí (Samhain 2003) ar fáil ag www.odce.ie. Pléitear i Rannán 9 den Treoir na hoibleagáide infheidhme maidir le nochtadh.

Mainneachtanaí maidir le Ráitis Airgeadais

Sna himscrúduithe a rinne sí ar ghearáin le blianta beaga anuas tharla sé ó ham go chéile le linn di ráitis airgeadais chuideachta faoi theorainn ráthaíochta a iniúchadh gur bhraith OSFC éilimh mhíchearta ar dhíolúine ó chlárú agus ó iniúchadh maille le mainneachtanaí airgeadais eile. De ghnáth is cuideachtaí ‘nach bhfuil ar thóir brabúis’ ach gur le haghaidh cuspóir carthanais, pobail nó sóisialta a bunaíodh iad atá sna chuideachtaí atá faoi theorainn ráthaíochta. De bhua a saintréithe bíonn ceangail dlí orthu go mbeidh na sócmhainní a bhíonn á mbainistiú acu faoi réir dearbhaithe iniúchta neamhspleách.

I bhfeachtas spriochdírithe i 2008 rinne OSFC imscrúdú ar ráitis airgeadais 264 chuideachta. I 68 gcás (thart ar 25% de na cuideachtaí a imscrúdaíodh) ba léir ó ráitis airgeadais na cuideachta go raibh a bheag nó a mhór de neamhghéillíuntas le hAchtanna na gCuideachtaí i gceist. Braitheadh 100 easnamh agus seo a leanas na mainneachtanaí príomha:

- tharla sé 64 uair gur dheimhnigh na hiniúcháirí go raibh siad sásta go raibh na stiúrthóirí i dteideal cuntais ghiorraithe a thaisc agus gur chláraigh na cuideachtaí ansin cuntais ghiorraithe ainneoin nach bhfuil cuideachtaí atá faoi theorainn ráthaíochta i dteideal cuntais ghiorraithe a chlárú²⁰;
- i 30 ceann de na cásanna thuairiscigh na hiniúcháirí easnamh caipitil ainneoin nach mbíonn scairchaipiteal eisithe ag cuideachtaí atá faoi theorainn ráthaíochta²¹;
- tharla ocht n-uair gur chinn ar iniúcháirí tuairim iomlán iniúchta a chur ar fáil de réir an cheangail reachtúil²², agus
- i líon beag de chásanna eile ní dhearnadh aon iniúchadh.

Tar éis do OSFC dul i dteagmháil leis na hiniúcháirí cuideachta agus/nó na stiúrthóirí lena mbaineann, cuireadh na mainneachtanaí a bhí i gceist ina gceart. Mar a luaitear thuas cuireadh na dearmaid ghairmiúla atá i gceist in iúl do chomhlachtaí gairmiúla na n-iniúcháirí agus do UMICE le go bhféadfadh siad leigheas cuí a chur ar an scéal. Cás cuideachta a rinne éileamh míchuí ar dhíolúine ó iniúchadh ar feadh na mblianta fada atá i **Léiriú 2.2.2**.

Léiriú 2.2.2: Cuideachta Phobalbhunaithe in Iarthar na hÉireann

Bhí úinéireacht agus feidhm bhainistithe ag cuideachta phobalbhunaithe ar mhaoin sealbhais ar feadh na mblianta fada. Ar feadh achair sách fada bhí sí ag éileamh díolúine ó iniúchadh go míchuí. Tamall gairid ó shin dhiúscairigh sí sócmhainní agus fuair méid mór airgid dá bharr.

Tar éis do OSFC teagmháil a dhéanamh leis an gcuideachta rinne na stiúrthóirí bearta chun iniúcháir a cheapadh, a ullmhódh ráitis airgeadais agus a chláródh le OCC iad.

Fiacha fós gan Íoc

I 2008 fuarthas méid suntasach gearán inar líomhnaíodh go raibh loicthe ag cuideachtaí fiacha a íoc. In éagmais aon sárú follasach ar dhlí na gcuideachtaí mhol OSFC do na gearánaithe dul sa tóir ar leigheas dlí ar a son féin chun aon airgead a bhí dlite dóibh a fháil ar ais.

Láimhdeachas Cásanna

In **Aguisín 2.2.3** cuirtear ar fáil sonraí láimhdeachas cáis. Bhí thart ar 950 cás idir lámha i 2008 agus anois tá thart ar 584 acu dúnta. Is ionann sin agus méadú de 15% ar na 507 gcás a dúndadh i 2007. Ba é an iarracht chomhbheartaithe a rinne foireann na hOifige i 2008 chun líon mór de na cásanna a bhí fós idir lámha ag an Oifig a dhúnadh ba chúis leis an toradh seo.

In **Aguisín 2.2.4** cuirtear faisnéis ar fáil maidir le modh diúscairigh na 584 chás seo:

- Dúnadh 56% de na cásanna tar éis teacht ar shocrú maidir leis an mainneachtain i leith dhlí na gcuideachtaí agus/nó tar éis cur chuige bunaithe ar ghéillíuntais a ghlacadh i leith na mainneachtana. In go leor cásanna chuir OSFC faenic ar na daoine lena mbaineann agus mheabhraigh dóibh go leanfadh iarmhairtí as dá ndéanfaí an mainneachtain braite in athuair. Bhain níos mó ná a leath de na cásanna seo le hidirbhearta iomarcacha stiúrthóirí;
- Cuireadh críoch le 25% díobh ar an mbonn nach raibh an fhianaise maidir le mainneachtain faoi Achtanna na gCuideachtaí ina húdar dóthanach chun beart breise a dhéanamh. Mar riail ghinearálta measadh nach raibh na líomhaintí ábhartha nó go raibh siad imeallach ó thaobh Achtanna na gCuideachtaí de agus/nó ó thaobh shainchúram OSFC de. Thabharfaí cineál típicitíil cáis ar ghearáin maidir le muirir sheirbhíse i gcuideachta bhainistithe maoin sealbhais;

²⁰ Is cuideachtaí príobháideacha amháin atá i dteideal cuntais ghiorraithe a chlárú faoi Acht na gCuideachtaí (Leasú) 1986 (arna leasú).

²¹ Ní bhaineann an ceangal ar iniúcháirí tuarascáil dá leithéid a dhéanamh faoi Alt 40 d'Acht na gCuideachtaí (Leasú) 1983 ach do chuideachtaí a bhfuil scairchaipiteal acu.

²² Mar a cheanglaítear i gCuid 193 d'Acht na gCuideachtaí 1990 (arna leasú).

- Cuireadh críoch le 12% ar an mbonn go mbeadh sí níos cuí dá rachadh na gearánaithe sa tóir ar leighis dlí nó eile ar a son féin d'fhonn a leas a chur chun cinn. Baineann **Léiriú 2.2.3** a ghabhann leis seo le cas inar iarraidh cuideachta mór le rá ar OSFC i 2008 breathnú i ndiaidh imeachtaí dícháilithe nó srianta a thionscnamh i gcoinne dhá iarstiúrthóir dá cuid;
- Ar na cásanna a raibh fágtha measadh go ginearálta gur ábhar iniúchta príomha ag údarás eile iad m.sh., ag Bord na bPinsean i ndáil le loiceadh ranníocaí pinsin a sheoladh go dtí an soláthraí pinsin.

Léiriú 2.2.3: Iarratas ar OSFC Imeachtaí Dícháilithe a Thionscnamh

Ar teagasc ó Bhord na Stiúrthóirí chuir Rúnaí Cuideachta gearán chuig OSFC i 2008 ag rá go ndearna dhá iarstiúrthóir failli i ndualgas. Chuaigh an Chuideachta i mbun beart éigeandála i bhfoirm faoiseamh urghaire lena leasanna a chosaint agus de réir tuairisce bhí sí ag breathnú i ndiaidh caingean dlí neamhsonraithe a thionscnamh i gcoinne na h-iarstiúrthóirí agus páirtithe gaolmhara. Ag gníomhú dó ar chomhairle dlí, tháinig an Bord ar an tuairim gur dhaoine iad an bheirt iarstiúrthóirí nach raibh oiriúnach le bheith ina stiúrthóirí ar aon chuideachta faoi dhliteanas teoranta agus gur chóir go ndícháileofaí nó go srianfaí iad. Iarradh ar OSFC breathnú i ndiaidh beart cuí a dhéanamh ag éirí as an ngearán.

Ina freagra chuir OSFC fios ar na doiciméid ábhartha uile a d'fhónfadh mar fhianaise ar áitiú an Bhoird agus ar bhreis eolais maidir leis an gcaingean dlí a bhí tionscanta cheana féin agus a rabhtas anois ag déanamh machnaimh uirthi agus an tráthchlár a bhain leis an gcinneadh sin a bhí déanta. In san freagra freisin iarradh ar an gCuideachta aghaidh a thabhairt ar an tshaincheist a leanas:

“Is cinnte gur cuireadh in iúl duit sa chomhairle dlí a cuireadh ar fáil do do Chuideachta go bhfuil an bealach oscailte d’aon chomhalta nó d’aon oifigeach i do Chuideachta faoi Alt 160(4) d’Acht na gCuideachtaí [1990] iarratas ar dhícháiliú ar aon duine dá hiaroifigigh a chur chuig an Ard-Chúirt sna himthosca a luaitear sa chás seo. Dá réir sin ní mór dom an cheist a chur cén fáth go mbeadh do Chuideachta ag iarraidh ar an Oifig seo a cheart iarratas ar dhícháiliú a dhéanamh a fheidhmiú nuair atá an ceart céanna ar fáil duitse an beart sin a dhéanamh.”

Níor bhain an Chuideachta áis as an deis a thug an Oifig di a gearán a thabhairt níos faide ar aghaidh agus níl aon fhaisnéis ar fáil a thabharfadh le tuiscint gur lainseáil sí imeachtaí dícháilithe dá cuid féin i gcoinne na n-iarstiúrthóirí a bhfuil trácht orthu.

De bhreis ar na 584 chás a dúnadh, measadh go n-oirfeadh imscrúdú mionsonraithe i 78 gcás eile. Orthu sin bhí roinnt tuarascálacha iniúchára a meas an Oifig go mbeadh údar dóthanach chun caingean dlí a thionscnamh mar gheall orthu dá bhfaighfí breis fhianaise ábhartha maidir le mí-iompar, agus cásanna áirithe de chuideachtaí bainistithe maoin sealbhais inar theip ar stiúrthóirí freagra dearfach a thabhairt ar iarrachtaí OSFC coigeartú na mainneachtanaí aitheanta a bhaint amach.

Fo-Aidhm 2.3: Imscrúduithe Foirmeálta Cuideachta a Thacú/ Choimisiúnú

Ó thráth go chéile is gá do OSFC smaoineamh ar imscrúdú críochnúil a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí cuideachta d'fhonn na fíricí a thabhairt chun solais agus d'fhonn mí-iompar más ann dó a aithint. I gcúinsí ina bhfuil amhras faoi chalaos, neamhdhleathacht nó iompar dochrach ceadaíonn Achtanna na gCuideachtaí do OSFC a éileamh go dtabharfaí ar aird lena n-iniúchadh leabhair agus doiciméid shonraithe na cuideachta.

Imscrúdú Ard-Chúirte

Ag éirí as iarratas OSFC, cheap an Ard-Chúirt Bill Shipsey SC i mí Iúil 2008 mar Chigire do DCC plc, do S&L Investments Ltd agus do Lotus Green Ltd chun gnéithe de cheannach agus de dhíol scaireanna Fyffes plc i 1995 agus i 2008 a imscrúdú. Ba í seo an chéad ócáid a chuir an Oifig iarratas chuig an Ard-Chúirt ag iarraidh go gceapfaí cigire ar chuideachta.

Bhí rath ar achainí OSFC chuig an gCúirt; lean na hachainí as:

- an scrúdú a rinne an Oifig ar Bhreithiúnais na hArd-Chúirte agus na Cúirte Uachtaraí sna himeachtaí sibhialta a bhain le déileáil chos istigh i 2000 arna líomhain, a thionscain Fyffes plc i gcoinne DCC plc, S&L Investments Ltd, Lotus Green Ltd agus James Flavin agus
- imscrúduithe dá cuid féin a d'ardaigh ceisteanna maidir le bailíocht dhlíthiúil idirbhearta gaolmhara áirithe a bhain le scaireanna i 1995.

Chuaigh an Cigire i mbun oibre i bhfómhar na bliana 2008 agus is eol gur chosain an tImscrúdú thart ar €180,000 suas go dtí deireadh na bliana 2008.

Fiosrúcháin Leanúnacha

Ag tús na bliana 2008 bhí an Oifig gafa ar bhonn leanúnach le ceithre scrúdú ar leabhair agus ar dhoiciméid cuideachta. Bhain ceann amháin díobh sin le DCC plc agus le cuideachtaí gaolmhara agus cuireadh deireadh leis i ndiaidh chinneadh na hArd-Chúirte i mí Iúil Cigire a cheapadh do na cuideachtaí.

Rinneadh tagairt i dTuarascálacha Bliantúla a eisíodh roimhe seo don imscrúdú a rinne OSFC ar leabhair agus ar dhoiciméid Cologne Reinsurance Ltd. Tuigtear gur féidir gur cuireadh deireadh le roinnt imeachtaí gaolmhara san USA i 2008 a raibh roinnt de na páirtithe bainteach leo agus ag deireadh na bliana bhí an Oifig ag feitheamh ar dhearbhu ó údarais an SA maidir leis na sonraí sula measfadh sí cén beart de chuid OSFC, má bhí beart le déanamh, a bheadh cuí.

Bhí dhá imscrúdú cuideachta eile de chuid OSFC a tionscnaíodh roimh 2008 fós idir lámha ag deireadh na bliana.

Imscrúdú Nua Cuideachta

Seachas imscrúdú DCC plc, S&L Investments Ltd agus Lotus Green Ltd, níor tionscnaíodh aon scrúdú aimsithe fíricí nua ar leabhair agus ar dhoiciméid cuideachta i 2008.

Iniúchtaí Cuideachta Roinne

I 2008 choinnigh an Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta an Stiúrthóir ar an eolas maidir le hiniúchtaí a bhí fós á ndéanamh aici ar leabhair agus ar dhoiciméid College Trustees Limited, Guinness and Mahon (Ireland) Limited agus Hamilton Ross Company Limited.

Conclúid

Ag féachaint do mhéid na gcásanna a iniúchadh agus a dúnadh i 2008, ba bhliain thar bheith gnóthach a bhí ann i ndáil le cásanna arbh fhéidir go ndearnadh mainneachtanaí i leith dhlí na gcuideachtaí a mheasúnú. Ag deireadh na bliana áfach ba léir gurbh ar na himeachtaí a nochtadh ag Anglo ba mó a bheadh aird na hOifige dírithe i 2009. Leis na hacmhainní atá ar fáil beidh sé deacair go leor agus ní baol ach gur dúshlán a bheidh ann an ghnáthobair bhraite a bhainistiú ag an am céanna. Sna himthosca sin, ní dóigh go mbeifear ag próiseáil an méid céanna cásanna i 2009.

Tugadh méid mór iasachtaí do stiúrthóirí i dtionscal na tógála i 2008 ainneoin feidhmíocht na hearnála a dhul i léig agus tuigtear go rachaidh sé rite ar chreidiúnaithe aon chuid nó roinnt den airgead sin a fháil ar ais i 2009 mar gheall air sin. Más mar sin a thitfidh sé amach is baolach go gcuirfear pionóis sna cúirteanna ar stiúrthóirí na gcuideachta maoinne agus tógála sin. Ba chóir do na stiúrthóirí sin gach iarracht a dhéanamh chun fiacha atá ag an gcuideachta orthu a íoc ar ais d'fhonn dliteanas na gcreidiúnaithe a íoslaghdú agus sin iompar a bheidh OSFC ag spreagadh go leanúnach.

Aidhm 3: Sáruithe Braite ar Achtanna na gCuideachtaí a Ionchúiseamh

Réamhrá

Sa rannán den Tuarascáil a chuaigh roimhe seo, rinneadh tagairt don iarratas rathúil a cuireadh chuig an Ard-Chúirt go gceapfaí Cigire chun roinnt cuideachtaí a imscrúdú. Sa rannán seo, pléifear na himeachtaí dlí a tionscnaíodh i réimse an fhorfheidhmithe mar ar tharla roinnt rudaí tábhachtacha i 2008. Áirítear orthu siúd:

- an chéad uair riamh a ciontaíodh stiúrthóir cuideachta as sócmhainní cuideachta a úsáid go feasach de shárú ar na srianta dlíthiúla maidir le hiasachtaí a thairiscint do stiúrthóirí. Chuir an Chúirt lena mbaineann pionóis shuntasacha ar dhaoine sa chás seo;
- an chéad chás riamh inar cuireadh pianbhreith choimeáda ar stiúrthóir cuideachta agus nár chuir an Chúirt an pianbhreith sin ar fionraí. Ach tá achomharc déanta ag an stiúrthóir in aghaidh an chiontaithe agus in aghaidh na pianbhreithe;
- léiriúchán úsáideach na Cúirte Uachtaraí ar an bhfrása “*persistently in default*” in Alt 160(2)(f) d’Acht na bliana 1990.

Pléitear a lán de na cásanna seo go mion níos faide ar aghaidh sa Tuarascáil seo.

Imeachtaí Dlí

Í 2008 baineadh amach 32 chiontú de bharr obair an OSFC, dícháilíodh 20 duine agus cuireadh srianadh ar dhuine amháin as dualgais agus oibleagáidí faoi dhlí na gcuideachtaí a shárú. Sa tábla thíos cuirtear ar fáil na sonraí comhfhreagracha i 2007.

Líon/Cineál na dTorthaí Forfheidhmithe Rathúla	2007	2008
Cúisimh ar ar ciontaíodh daoine	28	32
Cúisimh curtha san áireamh ar ciontú	16	1
Cúisimh a mheastar a bheith cruthaithe (Acht um Promhadh Ciontóirí 1907)	5	-
Orduithe dícháilithe	14	20
Orduithe a rinneadh in imeachtaí géilliúntais	2	-
Sriantaí	-	1
Cinntí eile	3	1
Iomlán	68	55

Bhí an Oifig páirteach i thart ar 52 imeacht dlí; bhí 27 díobh ar siúl sa Chúirt Uachtarach nó san Ard-Chúirt, 24 sa Chúirt

Dúiche agus ceann amháin sa Chúirt Choiriúil Chuarda. Is léir ón bhforléargas ar stádas agus ar thoradh na gcásanna seo in **Aguisín 3.1** gur éirigh leis an Oifig sna himeachtaí go ginearálta.

In **Aguisín 3.2** tá mion cur síos ar chineál na n-imeachtaí sibhialta agus coiriúla a tháinig chun cinn sna Cúirteanna éagsúla maille le achoimre ar thorthaí na gcásanna lena mbaineann.

In **Aguisín 3.3** tá sonraí na bpáirtithe ar chinn an Chúirt ábhartha gur sháraigh siad a ndualgais agus a n-oibleagáidí faoi Achtanna na gCuideachtaí, maille leis na ciontaí agus leis na pionóis ábhartha. I gcomhréir le cleachtas OSFC, cuireadh achoimre ar gach cás ar an suíomh idirlín www.odce.ie i gcaitheamh na bliana 2008.

Caingne Forfheidhmithe Sibhialta

Baineadh amach 20 ordú dícháilithe agus ordú srianta amháin i 2008 agus ba de thoradh caingne forfheidhmithe sibhialta ach cúig cinn de na horduithe dícháilithe sin. Seo a leanas sonraí na n-imeachtaí sibhialta:

- dhícháiligh an Ard-Chúirt dhá réag ar feadh tréimhsí ó cheathair go seacht mbliana i ndáil le stiúrthóirí ar baineadh a gcuideachtaí de chlár na cuideachta mar gheall ar loiceadh tuairisceán bliantúil a chlárú ag an am cuí agus ar chlis orthu a thaispeáint don Ard-Chúirt nach raibh dliteanais fós amuigh ag na cuideachtaí lena mbaineann. Tharla freisin nach raibh an Chúirt toilteanach duine amháin ar thionscain OSFC imeachtaí ina choinne a dhícháiliú. Ina bhformhór de na cásanna seo ba stiúrthóirí ar an iliomad cuideachtaí dócmhainneacha a bhí bainte den chlár na daoine a dícháilíodh. Cuireadh achomharc chuig an gCúirt Uachtarach maidir le dhá cheann de na horduithe dícháilithe seo;
- cuireadh ordú srianta ar feadh cúig bliana ar stiúrthóir a bhí bainteach le trí cuideachta a baineadh de Chlár na gCuideachtaí;
- dícháilíodh san Ard-Chúirt freisin triúr dhuine aonair ar feadh sé, ceathair agus trí bliana faoi seach mar iarmhairt ar iarratais de chuid OSFC a bhí bunaithe ar na cinntí diúltacha i dTuarascáil Chigirí na hArd-Chúirte ar National Irish Bank Ltd (NIB) agus National Irish Bank Financial Services Ltd (NIBFS). Bhac an Chúirt na horduithe dícháilithe seo ar bhonn coinníollacha áirithe go dtí go bhfaighfí toradh na n-achomharc a taisceadh ó shin i leith sa Chúirt Uachtarach. Níor éirigh le OSFC in iarratas dícháilithe a tionscnaíodh i ndáil leis an gceathrú duine sa chás agus is ábhar achomhairc an cinneadh sin faoi láthair.

Chlis ar an Oifig toradh dearfach a bhaint amach in aon sraith imeachtaí dícháilithe amháin anuraidh ach d'éirigh léi sna cinn eile. Sa chás seo áfach mar a chuirtear in iúl sa Réamhrá thuas rinneadh léiriúchán úsáideach sa Chúirt Uachtarach ar an bhfrása “*persistently in default*” in Alt 160(2)(f) d'Acht na bliana 1990. Féach **Léiriú 3.4.1** thíos mar a bhfuil achoimre ar an gcás seo.

Bhí thart ar sé imeacht déag a thionscain OSFC fós os comhair na hArd-Chúirte agus na Cúirte Uachtaraí ag deireadh na bliana. Bhain ocht gcinn de na cásanna seo le himeachtaí a d'eascair as Tuarascáil NIB/NIBFS agus bhain sé cinn eile díobh le stiúrthóirí cuideachtaí dócmhainneacha ar baineadh de Chlár na gCuideachta iad toisc gur theip orthu tuairisceán bliantúil a chlárú. Baineann an dá cás atá fágtha le cineálacha caingne dícháilithe eile a bhfuiltear fós ag fanacht ar thoradh achomhairc a rinneadh ina leith.

Caingne Forfheidhmithe Coiriúla

Déantar tagairt sa Réamhrá thuas do dhá chás suntasacha choiriúla; bhain ceann acu le stiúrthóir cuideachta ar cuireadh pianbhreith choimeáda air ach nár chuir an Chúirt an phianbhreith ar fionraí. Cuireadh an pionós seo ar an duine de bhrí gur ghníomhaigh sé mar stiúrthóir cuideachta le linn na tréimhse dícháilithe. Tá achomharc déanta ó shin i leith ag an duine atá i gceist maidir lena chiontú agus maidir leis na pionós a bhain leis an gciontú ar a n-áirítear fineáil de €1,500 agus tréimhse dícháilithe bhreise ar feadh cúig bliana.

Bhain an dara cás suntasach le stiúrthóir cuideachta agus ba é an chéad uair riamh a ciontaíodh stiúrthóir cuideachta as sócmhainní cuideachta a úsáid go feasach de shárú ar na srianta dlíthiúla maidir le hiasachtaí a thairiscint do stiúrthóirí. Tá na saincheisteanna maidir leis an gcás seo i **Léiriú 3.3.1** thíos.

I 2008 tugadh chun críche imeachtaí forfheidhmithe coiriúla eile a bhain leis na cionta a leanas:

- gníomhú mar stiúrthóir le linn bheith srianta agus a bheith ag sárú na coinníollacha reachtúla a bhaineann le caipitliú cuideachta. D'ionchúisigh OSFC trí chás sa chatagóir seo i 2008 agus dá thoradh sin baineadh amach cúig chiontú (agus cuireadh cúiseamh amháin san áireamh) i gcoinne triúr stiúrthóir lena mbaineann. Mar iarmhairt ar a gciontaithe beidh na stiúrthóirí seo dícháilithe anois ar feadh tréimhsí a mhairfidh ó dhá bhliain go cúig bliana. Ar mhaithe le páirtithe leasmhara cuideachta a chosaint agus d'fhonn macántacht chóras an tsrianta a neartú leanfaidh an Oifig ar aghaidh leis an monatóireacht féachaint an bhfuil daoine atá dícháilithe nó srianta ag comhlíonadh cheangail an dlí;
- gníomhú mar iniúchóir le linn bheith neamhcháilithe. I 2008 d'ionchúisigh OSFC go rathúil duine aonair amháin i ndáil leis na cúig chúiseamh uile a bhí os comhair na Cúirte. Bhí a mhacasamhail de cás fós ar siúl ag deireadh na bliana. Maidir le ráitis airgeadais cuideachta is é tuairim OSFC go bhfuil sé den tábhacht

nach gcuirfeadh staid na ráiteas sin creidiúnaithe agus páirtithe leasmhara eile amú go háirithe in imthosca ina gcuirtear in iúl go hearráideach gur iniúch duine cáilithe na ráitis. Tugann OSFC iniúcháirí neamhcháilithe os comhair na Chúirte chun an baol seo a shrianadh agus chun muinín úsáideoirí ráiteas airgeadais as inchreiditheacht na ráiteas sin a láidriú;

- loiceadh maidir le leabhair chúí chuntas a choinneáil. D'ionchúisigh OSFC ceithre cinn de na cásanna seo i 2008 agus dá thoradh sin baineadh amach seacht gciontú i ndáil le cuideachtaí agus stiúrthóirí. Is é an fáth go n-áitíonn OSFC a thábhachtaí is atá sé go gcoinneodh cuideachtaí agus stiúrthóirí taifid agus córas cuntasaíochta dóthanach go gcuidíonn na nithe sin le lucht gnó chun léiriú cruinn a choimeád ar staid na cuideachta ó thaobh airgeadais de;
- faisnéis bhréagach a sholáthar. D'ionchúisigh an Oifig go rathúil i 2008 cás a bhain le faisnéis bhréagach de chineál ábhartha a sholáthar don OCC. I **Léiriú 3.2.1** thíos pléitear imthosca an cháis.

Imeachtaí Forfheidhmithe eile

Bhí baint ag OSFC le ceithre imeacht eile; bhain suntas áirithe le dhá ceann. I gceann amháin chuir OSFC isteach ar na himeachtaí chun cuireadh a thabhairt go hómósach don Ard-Chúirt duine nó níos mó a dhícháiliú dá deoin féin, dá mb'fhéidir sin, ag éirí as imeacht rathúil a bhain le déileáil chos istigh a thionscain Fyffes plc i gcoinne DDC plc agus roinnt páirtithe eile. Ní dhearna an Chúirt é sin áfach roimh an am a cuireadh na himeachtaí déileála chos istigh i gcrích. Ina dhiaidh sin áfach thionscain an Stiúrthóir iarratas rathúil dá chuid féin ar Imscrúdú Ard-Chúirte ar dhéileálacha áirithe le scaireanna i DCC plc agus in dhá chuideachta eile.

Bhain an dara cás le heisiúint chostas in achomharc rathúil a rinne stiúrthóir cuideachta dócmhainneach i gcoinne srianta a cuireadh air san Ard-Chúirt. Féach ar **Léiriú 4.1.1** sa chéad rannán eile den Tuarascáil.

Cásanna Forfheidhmithe

In **Aguisín 3.4** cuirtear faisnéis staitistiúil ar fáil maidir le láimhdeachas na gcásanna coiriúla i 2008. Rinne OSFC gníomhaíocht chomhbheartaithe i rith na bliana chun nach mór 260 cás nach raibh aon mhaitheas inmharthana acu ó thaobh ionchúisimh a dhúnadh; is de bharr sin is féidir le OSFC anois aird a dhíriú ar líon beag cásanna agus tosaíocht a thabhairt dóibh. Bhí thart ar 125 chás idir lámha aici ag deireadh na bliana; ba iad na 75 chás nua a fuarthas i 2008 a bhformhór sin.

Leagtar amach in **Aguisín 3.5** catagóirí ginearálta na gcionta sna 75 chás nua. Bhain an chuid is mó de na cásanna le daoine ar líomhnaíodh gur ghníomhaigh siad mar iniúchóir nó mar stiúrthóir tráth a raibh cosc orthu é sin a dhéanamh agus le cuideachtaí ar chlis orthu leabhair chúí chuntais a choinneáil.

Fo-Aidhm 3.1: Polasaí Forfheidhmithe Cothrom a Chur Chun Cinn

Choinnigh an Oifig leis i 2008:

- ag cabhrú leis na daoine ar mhian leo dlí na gcuideachtaí a chomhlíonadh .i. formhór na ndaoine agus
- ag cur in aghaidh mhí-iompar na ndaoine ar bhaolach go ngéillfeadh siad don chathú gan dlí na gcuideachtaí a chomhlíonadh.

Ag brath ar chineál an chiona agus ar a thromchúisí is atá an mí-iompar atá curtha in iúl, bíonn cur chuige céimneach ag OSFC maidir lena fhreagrachtaí rialúcháin ó:

- réiteach a bhaint amach maidir le mainneachtain, go
- caingean forfheidhmithe OSFC de chineál áirithe a thionscnamh, go
- cion indíotáilte a chur faoi bhráid an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí le go ndéanfar cinneadh faoi ar chóir an cás a thriail os comhair breithimh agus giúiré.

Is é toradh an chur chuige rialúcháin srathach seo nach dtéitear i mbun caingean dlí fhoirmeálta ach i mionlach de chásanna. Tá an Stiúrthóir ag dréim leis go leanfar chomh fada ar aghaidh agus is féidir a thuar leis an gcur chuige ginearálta seo agus le cibé mion-choigeartuithe is gá a dhéanamh i gcás forbairtí cáis le himeacht aimsire.

Fo-Aidhm 3.2: Ag Seasamh le Ceangail um Nochtadh

Tá sé de cheangal ar dhaoine a thairbhíonn de ionchorprú agus de phribhléid an dliteanais theoranta faoi Achtanna na gCuideachtaí cloí le dualgais agus le hoibleagáidí iarmhartacha áirithe. Orthu sin tá na ceangail a leanas:

- go mbeidh cuideachtaí a thrádálann sa Stát cláraithe,
- go gcoinneofar sonraí áirithe cuideachta, (m.sh., an áit a bhfuil an oifig chláráithe lonnaithe, ainmneacha na stiúrthóirí, etc.) chun dáta agus
- go mbeidh faisnéis faoi fheidhmíocht airgeadais agus oibriúcháin na cuideachta cruinn agus go dtabharfar chun dáta iad go pras.

Tá sé d'aidhm ag na ceangail seo go mbeidh trédhearcacht sa mhargadh sa chaoi is gur féidir leis na baill, le creidiúnaithe agus le páirtithe leasmhara eile cinneadh feasach a dhéanamh ar an mbaol a bhaineann le dul i bpáirtíocht leis an eintiteas trí scrúdú a dhéanamh ar an bhfaisnéis chláráithe atá ar fáil san OCC.

Arís i 2008 bhí mainneachtanaí cosúil le loicadh cuideachtaí agus stiúrthóirí cuideachtaí leabhair chuí chuntas a choinneáil le sonrú ar chlár oibre OSFC agus ionchúisíodh ceithre chás go rathúil agus ciontaíodh ceithre cuideachta agus beirt stiúrthóir de thoradh sin.

Cion is féidir bheith i bhfad níos tromchúisí is ea falsú doiciméad agus taifead cuideachta. Tá cúlra ciontairthe a baineadh amach in Aibreán 2008 i gcoinne duine a d'iarraídh a chomhstiúrthóir a dhíbirt ó cuideachta bheag trí thuairisceán bliantúil falsa a chlárú leis an OCC léirithe i **Léiriú 3.2.1.**

Léiriú 3.2.1: Faisnéis Fhalsa a thabhairt do Chláráitheoir na gCuideachtaí

Ba é cúlra an cháis seo go bhfuair OSFC gearán ó stiúrthóir cuideachta darb ainm Gortlee Stores Limited inar líomhnaíodh gur chuir foirm 'B10' a bhí cláraithe in OCC in iúl go bréagach go raibh sí éirithe as mar stiúrthóir na cuideachta.

Tar éis imscrúdú a dhéanamh chruthaigh OSFC don Chúirt ábhartha gurbh é ba chúis leis an chlárú litir a scríobh an stiúrthóir gearánaí mar dhea chuig chomhairleoirí gairmiúla na cuideachta ag rá go raibh sé ag éirí as oifig. Bhí an Chúirt sásta áfach gur bhrionnagh an cosantóir, an tUasal Patrick McFadden, síniú an ghearánaithe d'fhonn a pháirtí sa ghnó a dhíbirt go mídhleathach as a post mar stiúrthóir.

Tar éis dó pléadáil ciontach ar an aon chúiseamh amháin chiontaigh an Chúirt an tUasal McFadden agus ghearr fineáil de €500 air.

Fo-Aidhm 3.3: Pionós a Ghearradh ar Pháirtithe a Dhéanann Neamhaird de Leasanna Cuideachta nó de Leasanna Nach Iad

Ar chúiseanna a bhaineann le cosaint an phobail, tá roinnt forálacha curtha in Achtanna na gCuideachtaí a chuireann bac ar dhaoine neamhcháilithe nó dícháilithe gníomhú mar iniúcháirí, stiúrthóirí nó leachtaitheoirí cuideachta nó gníomhú go ginearálta nó i gcúisí sainithe áirithe. Mar a luaitear thuas d'ionchúisigh OSFC go rathúil cúigear dhuine faoin gceannteideal ginearálta seo i 2008.

Ar mhaithe le creidiúnaithe cuideachta agus le páirtithe leasmhara eile ní mór do stiúrthóirí cuideachta sócmhainní a gcuid cuideachtaí a chaomhnú agus toirmisctear sa dlí go sonrach iasachtaí iomarcacha a thabhairt as na sócmhainní sin do stiúrthóirí agus do dhaoine bainteacha eile. Tugadh chun suntais i dTuarascálacha Bliantúla OSFC roimhe seo an obair shuntasach a rinne OSFC sa réimse seo in imeacht na mblianta. Tá Treoir mhionsonraithe faoi Idirbhearta a mbíonn Stiúrthóirí páirteach iontu ar fáil i gcónaí ag www.odce.ie.

Mar a luaitear thuas ba i 2008 a ionchúisíodh ar díotáil den chéad uair riamh stiúrthóir cuideachta as sócmhainní cuideachta a úsáid go feasach de shárú ar na srianta dlíthiúla infheidhme. Pléitear i **Léiriú 3.3.1** a leanas na himthosca a bhaineann le ciontú ábhartha na Cúirte Cuarda.

Léiriú 3.3.1: Stiúrthóir a Ionchúiseamh ar Díotáil as Iasachtaí Iomarcacha a bhaint dá Chuideachta go feasach

I mí Iúil phléadail Stuart Fogarty, stiúrthóir Aubrey Fogarty Associates Ltd (“AFA”), ciontach i 16 chúiseamh faoi leith gur údaraigh sé nó gur cheadaigh sé don chuideachta suimeanna a thabhairt ar iasacht dó nuair a bhí a fhios aige nó nuair a bhí cúis réasúnach aige le creidiúint go raibh an chuideachta ag briseadh an dlí dá chionn sin. Shíl an Chúirt go raibh na cúisimh cruthaithe agus thug don chosantóir sochar an Achta um Promhadh Ciontóirí 1907 agus chaith amach na cúisimh tar éis a thabhairt dá haire gur thug sé €3,000 do charthanas.

I Nollaig 2005, thuiriscigh iniúchóirí AFA do OSFC gur thairbhig an tUasal Fogarty d’iasachtaí suntasacha ón chuideachta in athuair de sháru ar an dlí infheidhme.

Tar éis imscrúdú a dhéanamh thionscain OSFC imeachtaí achomaire i gcoinne an Uasail Fogarty i lár na bliana 2007. Bhí na himeachtaí ann chun cinneadh a dhéanamh maidir le 13 chúiseamh a bhain le hidirbhearta leithleacha de €426,338 idir Meán Fómhair 2003 agus Nollaig 2005. Bhí an Stiúrthóir den tuairim go raibh imeachtaí achomaire oiriúnach de bhrí gur aisíocadh na hiasachtaí don chuideachta, nach raibh aon dliteanais chánach nár íocadh agus nach raibh aon chailteanas fulaingthe ag aon pháirtí ag éirí as an sáru ar an dlí.

Mar a tharla dhiúltaigh an Breitheamh Dúiche dlínse sa chás agus is ar díotáil a déileáladh leis. D’ullmhaigh OSFC leabhar na fianaise agus ba é an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí a d’ionchúisigh an cás. I mBealtaine 2008 phléadail an tUasal Fogarty ciontach; ciontaíodh sa Phríomh-Chúirt Choiriúil é ar gach ceann de na 13 chúisimh agus gearradh fineálacha de €34,000 air. Ghearr an Chúirt téarma príosúnachta dhá bhliain, curtha ar fionraí air, maidir le ceann amháin de na cionta agus d’ordaigh an Chúirt dó ina dhiaidh sin 240 uair an chloige de Sheirbhís Phoiblí a dhéanamh maidir le dhá cheann eile.

De bhrí gur ciontaíodh an tUasal Fogarty ar díotáil i gcoinne a bhain le cuideachta mheasfaí é bheith dícháilithe faoi Alt 160(1) d’Acht na bliana 1990 ar feadh tréimhse cúig bliana mura n-athródh an Chúirt an tréimhse sin ar iarratas an ionchúisitheora. Ar iarratas ón SIP a rinneadh le tacaíocht ó OSFC, dhícháiligh an Chúirt an tUasal Fogarty ar feadh sé mhí ó 28 Bealtaine go 27 Samhain 2008. D’éirigh an tUasal Fogarty as bheith ina stiúrthóir ar thart ar 20 cuideachta ar feadh na tréimhse atá i gceist de thoradh an cháis.

Fo-Aidhm 3.4: Ag Gníomhú i gcoinne Páirtithe a Dhiúltaíonn Cuntasacht faoin Dlí

Coinníonn an Stiúrthóir leis go seasta ag ionchúiseamh cásanna ina mbíonn stiúrthóirí cuideachta ag tabhairt neamhaird ar an dlí de shíor. Tá cur síos i **Léiriú 3.4.1** a leanas ar aon chás dá leithéid a thionscain OSFC i 2003. Cé gur chlis ar achomharc OSFC i mBealtaine 2008 is díol

suntais an léiriúchán a thug Breithiúnas na Cúirte Uachtarái ar an bhfrása “*persistently in default in relation to the relevant requirements*” in Alt 160(2)(f) d’Acht na bliana 1990 agus an tacaíocht a thug an breithiúnas do thuairim OSFC gur fiú bacadh a chur san áireamh mar uirlis dhlíneach tráth a mbíonn rogha le déanamh ag an gCúirt in iarratas ar dhícháiliú.

Léiriú 3.4.1: Imeachtaí Dícháilithe i gcoinne Stiúrthóirí a rinne mainneachtanaí de shíor (“*persistently in default*”)

B’iad imthosca an cháis gur chlis ar stiúrthóirí Wood Products (Longford) Limited, Patrick McGowan agus Patricia McGowan, tuairisceán bliantúil a gcuideachta a chlárú le Cláraitheoir na gCuideachtaí ó 1991 go 2003. De thoradh an loicthe seo a bhí imithe in ainseal baineadh an chuideachta den Chlár agus díscaoileadh í i 1999.

I mBealtaine 2001 cuireadh an chuideachta ar ais ar an gClár trí ordú na hArd-Chúirte. Chuir an tOrdú de cheangail ar na stiúrthóirí gach tuairisceán bliantúil maille le tuairisceáin áirithe chánach nár tugadh ar aird go dtí sin a chur ar fáil. Chinn ar na stiúrthóirí an tOrdú sin a chomhlíonadh.

I Samhain 2003 thionscain OSFC imeachtaí dícháilithe i gcoinne an beirt stiúrthóirí faoi inter alia Alt 160(2)(f) ar an bhforas go ndearna siad “mainneachtanaí de shíor maidir leis na ceangail ábhartha” (“*persistently in default in relation to the relevant requirements*”). Ina dhiaidh sin chláraigh na Freagróirí na tuairisceáin bhliantúla agus chánach a bhí i gceist; d’éirigh Patricia McGowan as mar stiúrthóir agus ceapadh stiúrthóir eile ina háit.

I mí Feabhra 2005 tháinig an Ard-Chúirt ar an tuairim nárbh fhéidir a rá go raibh na Freagróirí ag déanamh mainneachtana de shíor toisc nach d’ainneoin idirghabháil na gCúirteanna ar níos mó ná ócáid amháin a tharla an neamhghníomh. Ba é tuairim na Cúirte dá réir nár chóir na Freagróirí a dhícháiliú.

Ar achomharc, chinn an Chúirt Uachtarach freisin, i mBealtaine 2008, gan na Freagróirí a dhícháiliú ar an mbonn nach ndéanfadh an dícháiliú aon mhaitheas ag an bpointe sin agus gur rídhoigh go ndéanfadh sé dochar do ghnó na cuideachta. Ach bhí an Chúirt den tuairim inter alia:

- gur chlis ar na Freagróirí ar feadh 13 bhliain a n-oibleagáid faoin dlí maidir le tuairisceáin forordaithe a chlárú leis an gCláraitheoir a chomhlíonadh. Ba chion coiriúil gach faillí. Sháraigh siad arís is arís eile oibleagáid shainordaitheach a bhí orthu mar stiúrthóirí cuideachta agus rinne siad cionta coiriúla dá réir. Chomh maith leis sin chlis orthu Ordú ón Ard-Chúirt a chomhlíonadh. Níor bheag san chun an choinníoll faoin Acht maidir le “mainneachtana a dhéanamh de shíor” (“*persistently in default*”) a shásamh;
- cé nach é príomhaidhm an dícháilithe daoine a phionósú ach an pobal a chosaint ba chóir go mbeadh roinnt den bhacadh sa rogha a dhéanann an Chúirt. Is cuid den pholasáí in Alt 160 go bhfeabhsófaí an rialachas corparáideach. Is mó ná riamh atá na Cúirteanna ag éirí airdeallach agus is lú ná riamh atá siad fulangach maidir le caighdeáin róscaoilte agus maidir le neamhaird ar an dlí.

Conclúid

Bhí méadú ar líon na gciontuithe agus na ndícháilithe a bhain an Chúirt amach i 2008 agus rinne an Chúirt roinnt cinntí i ndáil le himeachtaí forfheidhmithe dhlí na gcuideachtaí nach ndearnadh riamh cheana.

Ag deireadh na bliana bhí líon suntasach de chásanna ar na bioráin ag an Oifig agus is léir go mbeifear gnóthach sa bhliain atá amach romhainn ag iarraidh mí-iompar corparáideach braite a ionchúiseamh. Tabharfaimid aghaidh ar bhonn leanúnach ar shaincheisteanna tosaíochta i réimse dhlí na gcuideachtaí a chuireann bac ar an trédhearcacht, a chuireann iompar cothrom sa chaidreamh tráchtála idir pháirtithe leasmhara i mbaol agus a bhaineann an bonn den mhuinín sa mhargadh.

Aidhm 4 – Pionós a Ghearradh i leith Iompar Míchuí i dtaca le Cuideachtaí Dócmhainneacha

Réamhrá

Tá deacrachtaí airgeadais ag bualadh níos mó cuideachtaí anois de bharr an lag trá sa gheilleagar agus tá sé thar bheith tábhachtach go gcinnteoidh stiúrthóirí cuideachta go mbeidh siad freagracht i mbun gníomhaíochta i ndáil le páirtithe leasmhara agus go háirithe i ndáil leo siúd a chaillfidh airgead má tharlaíonn loiceadh dócmhainneach don cuideachta. Le go mbeidh siad freagrach agus tráthúil i mbun gníomhaíochta chun an chuideachta a shábháil nó, murar féidir sin, chun beart a dhéanamh le cuideachta dócmhainneach a fhoirceannadh ar bhealach ordúil agus iomchuí ba mhaith an mhaise do stiúrthóirí comhairle chuí a ghlacadh lena n-áirítear comhairle ghairmiúil. Mí chliseann

ar stiúrthóirí gníomhú go freagrach féadfaidh sé go gcuirfidh an Chúirt pionóis orthu amach anseo.

Léireofar sa chuid seo den Tuarascáil obair OSFC i 2008 i ndáil le:

- cuideachtaí dócmhainneacha faoi leachtú agus
- cuideachtaí neamhleachtaithe nó cuideachtaí dócmhainneacha díscailte.

Treochtaí Leachtaithe

Sa tábla a leanas léirítear líon na leachtuithe a cuireadh in iúl don OCC le blianta beaga anuas.

Leachtuithe	2004	2005	2006	2007	2008
Leachtuithe Creidiúnaithe	321	300	323	308	530
Leachtuithe Cúirte	40	49	31	36	83
Iomlán na gCuideachtaí Dócmhainneacha	361	349	354	344	613
Leachtuithe Comhaltáí	827	868	930	1,057	1,051
Na Leachtuithe uile	1,118	1,217	1,284	1,401	1,664

D'fhan líon na leachtuithe sócmhainneacha mórán mar an gcéanna idir 2007 agus 2008. Ach bhí ardú de 78% go dtí 613 ar líon na gcuideachtaí dócmhainneacha a cuireadh faoi leachtú agus is léiriú an méadú mór seo ar an meath tobann ar an ngeilleagar náisiúnta.

Tá go leor cuideachtaí ag tabhairt aghaidh ar dhúshlán shuntasacha faoi láthair. Maidir le meánlíon na leachtuithe dócmhainneacha bhí ardú ó 33 in aghaidh na míosa sa chéad ráithe de 2008 go 60 in aghaidh na míosa sa ráithe dheireanach. Ach tá súil leis go méadóidh an leibhéal sin a thuilleadh i 2009.

Cuideachtaí Dócmhainneacha faoi Leachtú de réir Earnáil Eacnamúil

Léirítear in **Aguisín 4.1** briseadh síos de réir earnáil eacnamúil ar chuideachtaí dócmhainneacha faoi leachtú trí thagairt a dhéanamh do na chéad tuarascálacha a fuarthas ó leachtaitheoirí i 2008. Ní haon iontas gur in earnáil na tógála a tharla níos mó ná a thrian de na leachtuithe dócmhainneacha uile a tuairiscíodh. Tríd is tríd bhí ardú de 81% ó 78 go 141 ar líon na gcuideachta dá leithéid a cuireadh faoi leachtú i 2008 i gcomórtas le 2007 i gcomhthéacs ardú de 42% ar fud na n-earnálacha uile. Taifeadadh arduithe inchomparáide i dtaca le ceapa níos lú

in earnáil na margaíochta agus na bolscaireachta (+138%), san earnáil earcaíochta agus slándála (+86%) agus san earnáil phobail agus shóisialta (+79%), rud atá níos deacra a thuiscint b'fhéidir.

Cuideachtaí Dócmhainneacha Neamhleachtaithe/Díscailte

Mar a cuireadh in iúl i dTuarascálacha Bliantúla a eisíodh roimhe níl aon fhiigiúirí deimhnithe a thugann léargas ar iomlán na gcuideachtaí dócmhainneacha neamhleachtaithe agus díscailte. Ag aon am amháin féadfaidh sé go bhfuil roinnt chéad cuideachta dhócmhainneacha neamhthéanta ar Chlár na gCuideachta atá éirithe as trádáil agus nach bhfuil curtha faoi leachtú. Bainfear go leor díobh sin den Chlár áfach in am agus i dtráth.

Tá figiúirí an OCC maidir le líon na gcuideachtaí díscailte le fáil, ach foláionn siad idir chuideachtaí sócmhainneacha agus chuideachtaí dócmhainneacha. Braitheann líon na gcuideachtaí a dhíscailtear in aon bhliain ar bith ar ghníomhaíocht na bpáirtithe ábhartha a mbíonn ag iarraidh an chuideachta a bhaint den Chlár. Na caveat sin curtha san áireamh coimrítear sa tábla a leanas líon na gcuideachta a baineadh de Chlár na gCuideachta ó 2004 go 2008.

Cineál na Cuideachta Díscailte	2004	2005	2006	2007	2008
Bainte den Chlár ²³ ag OCC	1,401	9,514	5,255	4,085	5,804
Bainte den Chlár ²⁴ ag na Coimisinéirí Ioncaim	1,599	794	444	149	223
Bainte den Chlár ²³ go Deonach	3,595	3,316	3,757	3,975	4,542
Iomlán	6,595	13,624	9,456	8,209	10,569

Fo-Aidhm 4.1: Leachtaitheoirí a Mhaoirsiú agus iad ag Comlíonadh a nDualgas go Cuí

Ag tuairisciú faoi Alt 56 den Acht um Fhorfheidhmíú Dlí Cuideachtaí 2001

Léirítear próiseas agus scóip tuairisciú leachtaitheora in dhá fhoilseachán OSFC, Fógra Cinnidh D/2002/3 arna comhlánú le Fógra Cinnidh D/2003/1²⁵. Mar achoimre, tá ceangal dlí ar leachtaitheoir i gcuideachta atá faoi leachtú dócmhainneach forléasadh na cuideachta agus iompar aon duine a bhí ina stiúrthóir uirthi sa 12 mhí sular cuireadh faoi leachtú í a thuairisciú do OSFC. Ní mór don leachtaitheoir iarratas a chur chuig an Ard-Chúirt ar ordú srianta²⁶ le haghaidh gach duine de na stiúrthóirí mura ndíolmhaíonn an OSFC ón oibleagáid sin é. Measann an Oifig go bhfuil an díolúine oiriúnach nuair a chuireann an leachtaitheoir cosaint loighciúil faoina bráid a thacaíonn le dearbhú gur ghníomhaigh an stiúrthóir go macánta agus go freagrach agus cúrsaí na cuideachta a stiúradh aige/aici.

Tá sonraí maidir le líon na dtuarascálacha leachtaitheora i 2008 in **Aguisín 4.1.1**. Fuarthas 1,174 tuarascálacha leachtaitheora (1,007 in 2006). Ba thuarascálacha tosaigh²⁷ a bhí i 406 díobh sin (286 i 2007) ó 102 leachtaitheoir, agus ba thuarascálacha breise²⁸ nó deiridh²⁹ an 768 eile díobh (721 i 2007) ar leachtuithe cuideachta.

23 Alt 311 d'Acht na gCuideachtaí 1963 (arna leasú) agus alt 12 d'Acht na gCuideachtaí (Leasú) 1982 (arna leasú).

24 Alt 882 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997.

25 Tá na doiciméid seo ar fáil ag www.odce.ie/en/media_decision_notices.aspx.

26 Sa chás go bhfuil duine aonair srianta, is féidir leis/léi gníomhú mar stiúrthóir nó mar rúnaí ar chuideachta ar feadh tréimhse chúig bliana ina dhiaidh sin ar an choinníoll amháin go dtagann an cuideachta sin le ceangail chaipitlithe iosta áirithe. I gcás cuideachta príobháidí, éilítear íosmhéid scairchaipitil ghlaite de €63,487. I gcás cuideachta theoranta poiblí is é €317,435 an figiúr comhfhreagrach. Ina theannta sin ní mór go mbeidh an scairchaipiteal glaoite íoctha ina iomláine in airgead tírím. Ceadáíonn ordú srianta do dhaoine aonair áis a bhaint as leasanna dliteanaí theoranta ar bhonn leanúnach. Duine a sháraíonn srianta na coinníollacha caipitlithe áfach beidh sé/sí i mbaol a c(h)iontáithe i gcion indiotáilte agus i mbaol a f(h)ineáil agus a d(h)ícháilithe ar feadh cúig bliana.

27 Is éard is tuarascáil tosaigh ann an chéad tuarascáil a fhaightear ó leachtaitheoir taobh istigh de sé mhí ó am a cheapacháin agus i bhformhór na gcásanna is ar bhonn na tuarascála sin a dhéantar an cinneadh maidir le faoiseamh a dheonú nó gan a dheonú. I roinnt cásanna deonaítear faoiseamh 'ag an am seo' d'fhonn imscrúduithe breise an leachtaitheora a éascú.

28 Is gnách go bhfaightear tuarascáil bhreise ón leachtaitheoir sé mhí ina dhiaidh má deonaíodh faoiseamh 'ag an am seo' agus dhá mhí dhéag ina dhiaidh más amhlaidh nach bhfuil an cinneadh faoi faoiseamh a dheonú nó gan a dheonú fós déanta. Is ar an dóigh seo a dhéanann an OSFC monatóireacht ar dhul chun cinn leachtaithe dhócmhainneach. Os rud é gur ar bhonn na tuarascála tosaigh a dhéanfar an príomhchinneadh maidir le cé acu an díolmhófar nó ná díolmhófar leachtaitheoir ón oibleagáid imeachtaí srianta a thionscnamh is cinntí um 'fhaoiseamh' a bheidh i bhformhór na gcinntí i gcás tuarascálacha breise. An eiseacht maidir leis sin is ea nuair a bhí 'faoiseamh ag an am seo' deonta níos luaithe d'fhonn freastail a dhéanamh d'imscrúduithe breise an leachtaitheora.

29 Faightear tuarascáil deiridh ó leachtaitheoir ceithre seachtaine roimh chruinnithe deireanaigh nó roimh díscailte deireanaigh más leachtú Cúirte atá sa leachtú. Is cleachtas monatóireachta deiridh OSFC é seo sula ndíscailtear cuideachta dhócmhainneach.

I 2008 ba é 95% (96% i 2007) ráta géilliúntais na leachtaitheoirí a chuir an céad tuarascáil isteach in am. Rinne an Oifig monatóireacht freisin le cinntiú go raibh leachtaitheoirí ag cur isteach na tuarascálacha breise agus deiridh. Maidir leis na tuarascálacha uile a bhí dlite bhí ar an Oifig dul i mbun cumarsáid fhoirmeálta le 54 leachtaitheoir ar 110 ócáid (121 ócáid i 2007) le cur in iúl dóibh go raibh mainneachtain déanta acu maidir lena n-oibleagáidí tuairiscithe reachtúla.

Bhí caighdeán na dtuarascálacha a fuarthas go sásúil den chuid is mó i 2008 mar a bhí cheana. Bíonn an réimse seo faoi réir athbhreithniú leanúnach d'fhonn caighdeán an tuairiscithe a choinneáil slán.

Saincheisteanna eile um Leachtaitheoir agus Ghlacadóir

Fuair OSFC ceithre thuarascáil ó beirt leachtaitheoir i 2008 faoi Alt 299 d'Acht na gCuideachtaí 1963 (arna leasú). Ní dhearna aon ghlacadóir tuarascáil faoi Alt 299. Léirítear i dtuarascálacha den chineál sin, má dhéantar iad, an tuairim go bhféadfaidh iaroirfeach/iarchomhalta nó oifigeach/comhalta bheith ciontach i gcion maidir leis an gcuideachta a bhfuil sé/sí faoi dhliteanas coiriúil ina leith. I gcás ceann amháin de na tuarascálacha seo beidh an leachtaitheoir lena mbaineann ag tionscnamh imeachtaí srianta ina leith i 2009. Bhíothas ag breithniú na trí chás eile ag deireadh na bliana.

Ní fuair OSFC aon tuarascálacha i 2008 ó chomhlachtaí gairmiúla forordaithe maidir le hamhras faoi mhí-iompar leachtaitheora nó glacadóra de bhun alt 58 d'Acht na bliana 2001.

Níor iarraidh OSFC taifid leachtaitheora³⁰ nó glacadóra³¹ i 2008.

Athbhreithniú OSFC ar a Cleachtais ag eascair as Breithiúnas na Cúirte Uachtaraí le gairid

I mBreithiúnas na Cúirte Uachtaraí i 2008 cuireadh de cheangal ar an Stiúrthóir go ndéanfadh sé athbhreithniú ar nósanna imeachta na hOifige sa mhionlach de chásanna ina gcinneann sí gan ghlacadh le moladh leachtaitheora go scaoilfí óna (h)oibleagáid é/í imeachtaí srianta a thionscnamh i gcoinne stiúrthóir amháin nó níos mó. Bhain an breithiúnas le hachomharc stiúrthóir Tralee Beef and Lamb Ltd. (Faoi Leachtú) i gcoinne a shrianta. I **Léiriú 4.1.1** a leanas cuirtear breis sonraí ar fáil maidir leis an gcás agus maidir le breithiúnas na Cúirte Uachtaraí.

30 Faoi alt 57 den Acht um Fhorfheidhmíú Dlí Cuideachtaí, 2001.

31 Faoi alt 323A d'Acht na gCuideachtaí 1963 (arna chur isteach ag alt 53 d'Acht na bliana 2001).

Léiriú 4.1.1: Tralee Beef & Lamb Limited (Faoi Leachtú)

Cuideachta ab ea Tralee Beef and Lamb Ltd. le stiúrthóir feidhmeannach amháin agus le triúr stiúrthóir neamhfheidhmeannacha. Tar éis don chuideachta dul faoi leachtú i 2002 thuairiscigh an leachtaitheoir Tom Kavanagh don OSFC gur chóir imeachtaí srianta a thionscnamh i gcoinne an stiúrthóra feidhmeannaigh agus i gcoinne beirt de na triúr stiúrthóir neamhfheidhmeannacha. Mhol sé áfach nár chóir go dtionscnófaí imeachtaí i gcoinne an tríú stiúrthóir neamhfheidhmeannach (Simon Coyle a cheap infheisteoirí an Scéim Méadaithe Gnó). Tar éis do OSFC tuarascáil an leachtaitheora a bhreithniú tháinig sí ar an tuairim gur chóir go dtabharfadh gach duine den triúr stiúrthóir cuntas don Ard-Chúirt maidir lena n-iompar.

Ina dhiaidh sin chuir an Ard-Chúirt srianadh ar stiúrthóirí uile na cuideachta. Ach rinne an tUasal Coyle achomharc i gcoinne chinneadh na Cúirte.

An 1 Feabhra 2008 chuir an Chúirt Uachtarach ar leataobh Ordú na hArd-Chúirte a chuir srianadh ar an Uasal Coyle. I gcúrsa a bhreithiúnas cháin an Breitheamh Hardiman:

- an creat reachtach trína gcuirtear srianadh ar stiúrthóirí; thug sé *“draconian”* ar ghnéithe den chreat sin. Cuireadh in iúl go sonrach gur díol buartha é Alt 56 a chuireann oibleagáid ar leachtaitheoirí cuideachtaí dócmhainneacha ordú srianta a iarraidh i gcás nach ndéonaíonn OSFC díolúine ón oibleagáid sin ainneoin mholadh an leachtaitheoir go ndéonófaí, agus Alt 150 a chuireann dualgas cruthúnais aisiompaithe ar stiúrthóirí cuideachta chun an Chúirt a shásamh maidir lena n-ionrachas, lena bhfreagracht agus na hiarmhairtí a ghabhadh le srianadh ar cháil *“fhear ghairmiúil”* cosúil leis an tUasal Coyle i gcomórtas le *“stiúrthóir ‘cowboy’”*;
- an dóigh ar láimhseáil an Ard-Chúirt an cás. Measadh go raibh an srianadh a cuireadh ar an Uasal Coyle fabhtach toisc gur fairsingíodh dlí a bhí ann cheana chun é a shrianadh gan an fairsingiú a bhí molta ná a théarmaí a phlé ag an éisteacht. Cuireadh in iúl freisin gur dhíol buartha é nach raibh an cás i gcoinne an Uasail Coyle sainithe sách maith san Ard-Chúirt a rá nach ndearna an leachtaitheoir aon cháineadh agus nár eisigh OSFC aon ráiteas maidir leis na fáthanna gur díúltaíodh díolúine;
- an modh ar dhiúscair OSFC an ról a bhí aici. Cáineadh an diúltú d’iarratas an leachtaitheora go ndíolmhófaí an tUasal Coyle, an loiceadh na fáthanna a bhí leis an diúltú a insint agus gan bheith i láthair ag na héisteachtaí san Ard-Chúirt agus sa Chúirt Uachtarach. (Dealraíonn sé nár chuir comhairleoirí dlí an leachtaitheora in iúl don Chúirt Uachtarach roimh an éisteacht go raibh OSFC toilteanach páirt a ghlacadh in éisteacht an achomhairc os comhair na Cúirte Uachtaraí.)

I ndiaidh an Bhreithiúnais agus ag éirí as iarratas an Uasail Coyle ar a chostais (i gcúinsí nach raibh maoiniú dóthanach le fáil ón leachtú chun aon deonú costais dá leithéid a chlúdach), tugadh cuireadh do OSFC teacht os comhair éisteacht na Cúirte Uachtaraí i ndáil leis an iarratas seo. Phléigh na páirtithe éagsúla an cás agus mar aitheantas ar imthosca áirithe an cháis d’aontaigh OSFC ranníocaíocht a dhéanamh i gcomhair chostais achomharc an Uasail Coyle os comhair na Cúirte Uachtaraí. Ar an mbonn sin ní dhearna an Chúirt Uachtarach aon ordú maidir le costais.

Is soiléir gur breithiúnas tábhachtach breithiúnas na Cúirte Uachtaraí ach is rud atá fós le déanamh amach cén tábhacht a bheidh leis maidir le hoibriúcháin córas maorsithe cuideachtaí dócmhainneacha faoi leachtú go ginearálta. Ar a shon sin chuir na tráchtanna a rinneadh an Chúirt sa réimse seo iontas ar OSFC toisc go sílfí go mbeadh scrúdú ó ghné na Bunreachta de déanta ag Oifig an Ard Aighne ar an bhforáil ábhartha lena bhforáiltear do shrianadh ar stiúrthóirí cuideachtaí dócmhainneacha sular achtaíodh í. Chomh maith leis sin ceapadh srianadh go sonrach mar phionós cuí i ndáil le mí-iompar measartha corparáideach. Measadh go mbeadh srianadh comhsheasmhach le ceart coitinne an duine a bheatha a shaothrú dá gceadófaí do dhuine a bhí faoi ordú srianta gníomhú ar bhonn leanúnach i bpost cúramach i gcuideachta ach í bheith caipitlithe go measartha. Ag an am céanna, thabharfadh na rialacha a bhaineann le caipitliú cuideachta cosaint áirithe do chreidiúnaithe agus don phobal i gcoitinne dá gcliseadh ar ghnó an té a bhí srianta níos deireanaí.

Maidir le cur i bhfeidhm chóras Alt 56 is amlaidh nach bhfuil sé de cheangal ar thart ar cúigeir as gach seisear stiúrthóir cuntas a thabhairt ar a n-iompar san Ard-Chúirt de bharr cinntí OSFC díolúine bunaithe ar a gcuid tuarascálacha a dheonú ar na leachtaitheoirí ábhartha. Bhí ard-chomhréir ar feadh roinnt bhlianta idir cinntí OSFC maidir le díolúine agus cinntí deireanacha na hArd-Chúirte maidir le buanna an tsrianta. Dá réir sin tá OSFC den tuairim nach bhfuil oibriúcháin Alt 56 ag cur aon ualach ródhóthanach ar stiúrthóirí cuideachtaí dócmhainneacha faoi leachtú.

Ag eascairt as tráchtanna na Cúirte Uachtaraí maidir leis an gcás seo léiríonn OSFC anois na fáthanna nach ndéonaíonn sí díolúine sa líon beag de chásanna nach nglacann an Oifig le moladh leachtaitheora faoiseamh a dheonú ar stiúrthóir áirithe (mar a tharla i gcás an Uasail Coyle). In ainneoin na dtráchtanna a rinne an Chúirt Uachtarach tá an Stiúrthóir sásta go ndiúscaíonn an Oifig na freagrachtaí atá uirthi sa réimse de réir idir litir agus spiorad an dlí.

Athbheithniú OSFC ar a Cleachtais maidir le Tuascálacha Leachtaitheora

Ag féachaint dá hacmhainní teoranta rinne an Oifig athbheithniú i 2008 féachaint cén athruithe arbh fhéidir a dhéanamh ar nósanna imeachta chun an méadú ar leachtuithe dócmhainneacha a bhainistiú. Ag deireadh na bliana cinneadh ar chealú an ceangail a bhí ar leachtaitheoirí tuascálacha breise agus deiridh a thabhairt ar aird don Oifig má bhí cinneadh deimhnithe déanta aici iad a dhíolmhú nó gan a dhíolmhú óna n-oibleagáidí ordú srianta a iarraidh maidir leis na stiúrthóirí a bhí i gceist. Ba chóir gurbh fhearrde cumas na hOifige an méid mór tuascálacha tosaigh leachtaitheora a láimhseáil an cinneadh seo. Laghdóidh sé freisin an t-ualach riaracháin ar leachtaitheoirí amach anseo.

Fo-Aidhm 4.2: Iompar Stiúrthóirí a Mheasúnú in Imthosca Leachtaithe Dócmhainnigh

Rinne OSFC cinntí faoi 1,098 dtuascáil leachtaitheora i 2008; tuascálacha tosaigh a bhí i 351 agus tuascálacha breise nó deiridh a bhí i 747 acu.

Cinntí OSFC i leith Faoisimh

Maidir leis na 351 tuascáil tosaigh bhí ardú ábhartha ar chomhréir na gcásanna 'faoiseamh iomlán' (ó 65% go 71%) idir 2007 agus 2008 faoi seach agus titim dá réir ar chomhréir na gcásanna 'gan faoiseamh' (ó 10% go 7%). Is soiléir le blianta beaga anuas gur treo leanúnach atá sa mhéadú ar na cinntí 'faoiseamh iomlán'. Seo a leanas tréithe na gcinntí i leith faoisimh i 2008 (i gcomórtas le 2007):

Cineál an Chinnte	2007	%	2008	%
Faoiseamh iomlán ³²	189	65%	251	71%
Gan faoiseamh ³³	30	10%	23	7%
Faoiseamh 'ag an am seo' ³⁴	63	22%	70	20%
Páirtfhaoiseamh ³⁵	7	3%	6	2%
Cinntí eile	0	0%	1	0%
Iomlán	289	100%	351	100%

Is cinnte nuair a bhíonn cinntí maidir le 'gan faoiseamh' nó 'páirtfhaoiseamh' á ndéanamh ag OSFC nach cinntí maidir le hionrachas nó le freagracht na stiúrthóirí lena mbaineann atá i gceist agus bheadh sé míchuí dá ndéanfaí aon tatal nó aon líomhain dá leithéid. Is faoin Ard-Chúirt (tar éis fianaise leachtaitheora agus mínithe stiúrthóirí cuideachta a éisteacht) atá sé cinneadh a dhéanamh faoi ar chóir dearbhú um shrianadh a dhéanamh maidir le haon stiúrthóir cuideachta faoi leith.

Tá liostaí iomlána de na cuideachtaí ar deonaíodh 'faoiseamh iomlán' agus faoiseamh 'ag an am seo' ina leith le fáil i bhFógra Eolais OSFC Uimh. I/2009/2 ar shuíomh idirlín OSFC ag www.odce.ie.

Le linn do leachtaitheoirí a gcuid tuascálacha a ullmhú is nós do OSFC iad a spreagadh chun moladh cuí a dhéanamh maidir le faoiseamh trí thagairt a dhéanamh do thorthaí a gcuid imscrúduithe. Le linn di cinntí a dhéanamh maidir le faoiseamh bíonn an Oifig i bhfách lena chinntiú nach gcuirfead ar aon stiúrthóir gan ghá, an trioblóid a bhaineann le héisteacht san Ard-Chúirt i gcás go bhfuil sé léirithe go soiléir aige nó aici gur ghníomhaigh sé nó sí go macánta le linn dó/dí cúrsaí an tionscadail loicthe a stiúradh.

Ar Lorg Cinntí Cúirte faoi na hIarratais um Shrianadh

I 2008 rinne an Chúirt cinntí i 54 chás (78 i 2007) i gcás ina ndearna OSFC cinntí gan faoiseamh nó páirtfhaoiseamh a dheonú roimhe sin. Sna cásanna sin, chuir an Ard-Chúirt ordú srianta nó dícháilithe ar dhuine amháin nó níos mó de na stiúrthóirí i 49 gcás (75 i 2007), is é sin i 91% de na cásanna (96% i 2007). Ní dhearnadh aon ordú srianta maidir leis na cúig chás a bhí fágtha (trí cinn i 2007). Tá sé le tuiscint ó na torthaí sin go bhfuil ag éirí leis an OSFC cásanna atá oiriúnach do chaingean san Ard-Chúirt a aithint.

32 Deonaíodh 'faoiseamh iomlán' i gcásanna a raibh OSFC sásta, bunaithe ar eolas a chuir an leachtaitheoir ar fáil nó ar chúis éigin eile, go raibh sé taispeánta ar bhealach sásúil ag stiúrthóirí uile na cuideachta dócmhainní gur ghníomhaigh siad go macánta agus go freagrach agus cúrsaí na cuideachta á stiúradh acu.

33 Níor deonaíodh faoiseamh nuair a bhí an OSFC sásta, bunaithe ar eolas a chuir an leachtaitheoir ar fáil nó ar chúis éigin eile, nach raibh sé taispeánta ar bhealach sásúil ag aon duine de stiúrthóirí na cuideachta dócmhainní gur ghníomhaigh siad go macánta agus go freagrach agus cúrsaí na cuideachta á stiúradh acu.

34 Deonaíodh faoiseamh 'ag an am seo' i gcásanna ina raibh OSFC sásta gur theastaigh tuilleadh ama ón leachtaitheoir chun na cúisí ba chúis le forléasadh na cuideachta a imscrúdú mar ba chúfí. Cuireann an OSFC ceangal ar leachtaitheoirí den chineál sin an dara tuascáil a chur isteach; déantar cinneadh nua maidir le faoiseamh ina dhiaidh sin.

35 Deonaíodh 'páirtfhaoiseamh' nuair a bhí an OSFC sásta, bunaithe ar eolas a chuir an leachtaitheoir ar fáil nó ar chúis éigin eile, go raibh sé taispeánta ag roinnt de stiúrthóirí na cuideachta dócmhainní gur ghníomhaigh siad go macánta agus go freagrach agus cúrsaí na cuideachta á stiúradh acu cé nárbh fhíor sin do stiúrthóirí uile na cuideachta.

Maidir le stiúrthóirí aonair, cuireadh ordú srianta ar 76 stiúrthóir (69 i 2007), dícháilíodh seisear stiúrthóir³⁶ (seachtar i 2007) agus cuireadh idir ordú srianta agus ordú dícháilithe ar beirt stiúrthóir i 2008 (duine amháin i 2007). Is ionann sin agus 90% de na 92 stiúrthóir a bhí ina n-ábhar d'imeachtaí um shrianadh nó dhícháiliú i 2008.

Chuir an Ard-Chúirt ordú srianta ar 81 dhuine nua i 2008; is de bharr imeachtaí de bhun Alt 56 a srianadh 78 acu. Maidir leis an triúr eile, ba stiúrthóir ar chuideachta dhócmhainneach a baineadh de Chlár na gCuideachta duine amháin acu agus d'eascair an t-ordú srianta a cuireadh ar an mbeirt eile as leachtú a ghabhann i bhfad siar go dáta roimh bhunú OSFC.

Tríd is tríd bhí laghdú glan ó 791 go 624 ar líon na ndaoine ar Chlár OCC na nDaoine Srianta de bhrí gur baineadh den Chlár i 2008 roinnt daoine a cuireadh ordú srianta orthu níos luaithe toisc go raibh a dtéarmaí srianta cúig bliana istigh. Cuireann an tábla a leanas in iúl líon na ndaoine ar Chlár na nDaoine Srianta ag deireadh gach bliana ó 2004 i leith.

Líon na Stiúrthóirí a bhí stádas srianta acu ó dheireadh 2004 go deireadh 2008 go huile

Deireadh 2004	Deireadh 2005	Deireadh 2006	Deireadh 2007	Deireadh 2008
487	600	685	791	624

Coinníonn Cláraitheoir na gCuideachtaí cláir chun dáta de na daoine srianta agus dícháilithe agus tá áis chuardaigh phoiblí ar líne le haghaidh na gclár sin ar fáil ag www.cro.ie.

Maidir leis na himeachtaí um shrianadh a tugadh chun críche san Ard-Chúirt i 2008 léirítear in **Aguisín 4.2.1** den Tuarascáil seo toradh na gcásanna ina ndearnadh orduithe srianta móide ainmneacha na ndaoine a bhí i gceist.

Ainmnítear in **Aguisín 4.2.2** na cúig chuideachta ar chinn an Ard-Chúirt i 2008 nár chóir ordú srianta a chur ar aon duine dá stiúrthóirí.

Tugann an Stiúrthóir moladh do roinnt leachtaitheoirí atá toilteanach imeachtaí dícháilithe i ndáil le mí-iompar tromchúiseach braite a thionscnamh ar bhonn leanúnach. I 2008 tionscnaíodh imeachtaí rathúla i gcoinne ochtar stiúrthóir ar chuideachtaí dócmhainneacha (ochtar i 2007). Ainmnítear in **Aguisín 4.2.3** na daoine atá i gceist agus na tréimhsí dícháilithe. Tá roinnt faisnéise maidir leis na cásanna seo ar fáil i **Léiriú 4.2.1** a ghabhann leis seo. Tá súil leis an Stiúrthóir go dtionscnófar cásanna eile cosúil leo sin i 2009.

³⁶ Duine a dhícháilítear san Ard-Chúirt toirmiscear é ó bheith ceaptha nó ó ghníomhú mar iniúchóir, mar stiúrthóir nó mar oifigeach eile, mar ghlacadóir, mar leachtaitheoir nó mar scrúdaitheoir agus ó bheith bainteach ar bhealach ar bith, bíodh sé go díreach nó go hindíreach go hiomlán nó go páirteach i gcur chun cinn, i bhfoirmiú nó i mbainistíocht chuideachta ar bith nó aon chumann atá cláraithe faoi na hAchtanna um Chumainn Tionscail agus Soláthair. Duine atá dícháilithe agus a sháraíonn ordú Cúirte dlífeair a chiontú agus a dhícháiliú ar feadh deich mbliana.

Léiriú 4.2.1: Cuideachtaí Dócmhainneacha : Dícháilithe Leachtaitheora i 2008

Cuireadh ordú dícháilithe ar feadh ocht mbliana ar an Uasail Colm Griffin stiúrthóir ar Rosmuc Developments Ltd, cuideachta thógála. Bhí fianaise ar loiceadh maidir le leabhair chuntais agus taifid chuí a choinneáil, ar loiceadh cuntais iniúchta a ullmhú, ar neamhaird a dhéanamh d'oibleagáidí maidir le cáin agus d'oibleagáidí tuairisceán reachtúil a chur chuig OCC agus ar úsáid chalaioiseach sonrasc chun íocaíocht Chánach Conarthaí Iomchuí (CCI) a sheachaint.

Cuireadh ordú dícháilithe ar an Uasail David Kavanagh, stiúrthóir na gcuideachtaí iompar lastais Kamar Transport Ltd agus Kamar Transport (Kilkenny) Ltd. D'éist an Chúirt le fianaise ar íocaíochtaí toiliúla tosaíochta agus ar loiceadh leabhair chuntais agus taifid chuí a choinneáil, ar loiceadh cáin a bhí dlite a sheoladh ar aghaidh agus ar loiceadh cúrsaí na gcuideachta seo agus cuideachtaí gaolmhara eile a scaradh ó chéile.

Dícháilíodh ar feadh sé bliana an duine beirt stiúrthóir ar Devey Enterprises Ltd. a chuireadh seirbhísí plástrála ar fáil don earnáil tógála chónaitheach. Bhí fianaise ann gur ghlac na stiúrthóirí an tUasal Mark Devey agus Jacinta Devey Uas. le hiasachtaí mídhleathacha de €2.8 milliún ón gcuideachta chun a leasa pearsanta agus nár íocadh ar ais iad, go ndearna siad íocaíochtaí tosaíochta roimh leachtú agus gur chlis orthu leabhair chuntais agus taifid chuí a choinneáil agus tuairisceáin chánach agus taifid chuí a choinneáil agus tuairisceáin chánach agus taifid chuí a choinneáil agus tuairisceáin chánach agus taifid chuí a choinneáil agus tuairisceáin chánach ar feadh roinnt blianta. Ba mhó ná €1 milliún na dliteanas chánach ar leachtú.

Dícháilíodh an tUasal Simon Bermingham, stiúrthóir Bermingham Construction Ltd, ar feadh cúig bliana. D'éist an Chúirt le fianaise nár coinníodh leabhair chuntais agus taifid chuí, nár ullmhaíodh cuntais iniúchta agus gur bheag an iarracht a bhí déanta oibleagáidí cánach a chomhlíonadh agus tuairisceán bliantúil a chur chuig OCC. Measadh go raibh dliteanas cánach de €500,000 ann.

Dícháilíodh an tUasal Conor Govern agus Eimear Govern Uas., stiúrthóirí Oakley Formwork Ltd. a mhonaraigh múnlóireachtaí éagsúla coinceáide, ar feadh cúig bliana an duine. Bhí fianaise ann nár coinníodh leabhair chuntais agus taifid chuí, nár ullmhaíodh cuntais iniúchta, gur cláraíodh tuairisceán mícheart agus ganniontráilte leis na Coimisinéirí Ioncaim, go ndearnadh íocaíochtaí tosaíochta chun ráthaíochtaí pearsanta a laghdú agus nár cláraíodh tuairisceáin reachtúla le OCC ar feadh roinnt blianta.

Dícháilíodh an tUasal Gary Keating, stiúrthóir ar Keating Interiors Ltd, ar feadh ceithre bliana agus srianadh é ar feadh cúig bliana. Bhí fianaise ann gur brionnáíodh síniú stiúrthóirí eile ar ráitis airgeadais na cuideachta agus go raibh níos mó ná €900,000 d'fhiacha amuigh ag na Coimisinéirí uirthi.

Faoiseamh ó Shrianadh

Féadfaidh stiúrthóir atá srianta iarratas ar fhaoiseamh iomlán nó páirteach a chur chuig an Ard-Chúirt taobh istigh de bhliain amháin ón uair a rinneadh an t-ordú srianta.

Féadfaidh an Ard-Chúirt, má mheasann sí go bhfuil sé cóir agus cothromasach é a dhéanamh, faoiseamh dá leithéid a dheonú ar cibé téarmaí agus coinníollacha a shíleann sí a bheith iomchuí³⁷.

Déanann OSFC monatóireacht ar iarratais ar fhaoiseamh arna bpleanáil agus bíonn sí ag iarraidh idirghabháil a dhéanamh i gcásanna iomchuí chun comhchuibheas an chórais reachtúil atá ann a choinneáil slán an oiread agus is féidir. Chomh fada agus is eol don Oifig ní dheanadh aon iarratais ar fhaoiseamh i 2008. Ach is eol go bhfuil achomharc á dhéanamh maidir le trí ordú srianta sa Chúirt Uachtarach.

Ar Lorg Stiúrthóirí atá ag sárú Coinníollacha um Dhícháiliú nó um Shrianadh

Mar a chuirtear in iúl thuas sa Tuarascáil seo, tugann imscrúduithe OSFC le tuiscint ó am go chéile go bhfuil roinnt daoine atá dícháilithe nó srianta ag gníomhú i gcuideachtaí i gcónaí de shárú ar an dlí. Leanfaidh an Oifig léi ag ionchúiseamh daoine dá leithéid d'fhonn an baol do ghníomhaíocht dhliteanach gnó chorparáidigh a laghdú.

Orduithe Dícháilithe Measta

I gcás duine a chiontaítear ar díotáil in aon chion indíotáilte a bhaineann le cuideachta, nó a mbaineann calaois nó mímhacántacht leis foráiltear sa dlí³⁸ go measfar é/í a bheith faoi réir ordú dícháilithe ar feadh tréimhse chúig bliana ó dháta an chiontaithe nó ar feadh cibé tréimhse eile a ordóidh an chúirt, ar iarratas ón ionchúisitheoir. Tá cás a bhaineann le stiúrthóir amháin a dícháilíodh faoin bhforáil seo i 2008 i **Léiriú 3.3** sa rannán den Tuarascáil roimhe seo.

Tá suas le 2,700 duine (2,200 ag deireadh 2007) ainmnithe anois ar Chlár na nDaoine Dícháilithe cé go ndearraíonn sé go bhfuil roinnt iontrálacha ann faoi dhó. Meastar 2,444 dhuine a bheith dícháilithe; is trí Ordú na hArd-Chúirte a dícháilíodh 163; dícháilíodh 36 ag eascirt as loiceadh an dícháiliú i ndlínse eile a fhógairt, agus dícháilíodh 12 ar an mbonn gur ghníomhaigh siad mar stiúrthóirí le linn dóibh bheith srianta.

Fo-Aidhm 4.3: Iompar Calaoiseach nó Maslach a Phionósú

Réamhrá

I dTuarascálacha Bliantúla a eisíodh roimhe seo tá sé curtha in iúl ag OSFC go bhfuil sí i bhfách le himscrúdú a

dhéanamh ar chleachtais ‘athbheochana’ (‘phoenix’) nó ar chleachtais eile arb é an gnáth-thoradh a bhíonn orthu go nglacann cuideachta nua sócmhainní agus gnó (ach ní dliteanais) na cuideachta loicthe chuige féin i dtreo is:

- go saobhtar an iomaíocht sa mhargadh gnó infheidhme toisc go dtairbhíonn an cuideachta de chostais níos ísle ná costais an mhargaidh (mar shampla trí neamhíocaíocht chreidiúnaithe agus/nó na gCoimisinéirí Ioncaim). Dá thoradh sin d’fhéadfaí buntáiste míchothrom iomaíochta a bhaint amach i láthair an mhargaidh;
- go bhfulaingíonn creidiúnaithe cailteanas airgeadais agus gur féidir go gclisfidh ar chuid acu dá bharr, agus
- nach mbíonn dliteanas pearsanta ar stiúrthóirí i ndáil le cailteanas tráchtála nó go mbíonn bealach éalaithe eile acu ón bhfreagracht as loiceadh na cuideachta.

Cuideachtaí atá ‘Bainte de’ Chlár na gCuideachtaí

Dhírigh OSFC a haird ar bhonn leanúnach i 2008 ar chuideachtaí dócmhainneacha ar thréig a stiúrthóirí iad agus ar “baineadh de” Chlár na gCuideachtaí iad ina dhiaidh sin as siocair loicthe tuairisceáin bhliantúla a chlárú. Tá an bealach oscailte don Stiúrthóir iarratas a chur chuig an Ard-Chúirt³⁹ chun stiúrthóirí cuideachtaí dá leithéid atá bainte de chlár na gcuideachta a dhícháiliú. Ach foráiltear sa dlí⁴⁰ freisin nach féidir leis an Ard-Chúirt ordú dícháilithe a chur ar dhuine a léiríonn don chúirt nach raibh aon dliteanais ag an cuideachta tráth ar baineadh den Chlár í nó go raibh na dliteanais sin diúscartha roimh thionscnamh an iarratais ar dhícháiliú. In ionad breithniú a dhéanamh ar cén pionós ba chóir a fhorchur, féadfaidh an Chúirt na stiúrthóirí a shrianadh i gcás go mbreithníonn sí nach bhfuil údar leis an dícháiliú.

Ach ní thagann caingean Cúirte i gceist i ndáil le gach cuideachta atá bainte den chlár a ndéanann an Oifig imscrúdú uirthi. I roinnt cásanna bíonn na hiarstiúrthóirí in ann OSFC a shásamh go raibh na dliteanais uile réitithe tráth ar baineadh an chuideachta den chlár nó sular cuireadh tús le haon imeachtaí Cúirte. Chuige sin éilítear de ghnáth go n-ullmhófar agus go gcuirfear isteach na cuntais chúil, cuntais a théann na blianta siar go minic, ina dtaispeántar trádáil na cuideachta sa tréimhse ó cuireadh an tsraith dheireanach chuntas chuig an OCC nó ó rinneadh an t-ionchorprú i gcásanna nár cuireadh cuntais isteach riamh chuig an OCC. Éilítear ar na hiarstiúrthóirí freisin go dtaispeánfaidh siad go bhfuil na fiacha atá amuigh ag na creidiúnaithe uile íoctha nó réitithe agus is minic a iarrtar fóruí neamhspleách maidir leis sin ar chreidiúnaithe aonair.

Mar shampla air sin rinne stiúrthóirí ceithre chuideachta ghaolmhara a bhí bainte den chlár íocaíochtaí de thart ar €50,000 i 2008 chun dliteanais na gcuideachta i leith na

37 Alt 152 d’Acht na gCuideachtaí 1990.

38 Alt 160(1) d’Acht na gCuideachtaí 1990.

39 Alt 160(2)(h) d’Acht na gCuideachtaí 1990.

40 Alt 160(3A) d’Acht na gCuideachtaí 1990.

gCoimisinéirí Ioncaim a réiteach. Níor chuaigh an Stiúrthóir ar aghaidh leis na himeachtaí dícháilithe sna cásanna sin.

I roinnt beag cásanna a ndearna an Oifig scrúdú orthu, rinne na hiarstiúrthóirí iarracht a gcúrsaí a thabhairt chun rialtacha tríd an gcuideachta a bhí bainte den Chlár a chur ar ais go foirmeálta ar an gClár. Mar chuid den nós imeachta sin ullmhaítear agus cuirtear isteach chuig an OCC na tuairisceáin bhliantúla uile atá fós gan bheith curtha isteach, íoctar na táillí a gearradh de bharr an chláráithe ródheireanaigh agus cuirtear iarratas foirmeálta chuig an Ard-Chúirt an chuideachta a chur ar ais ar an gClár i gcás a bhfuil an chuideachta bainte de ar feadh níos mó ná bliain amháin.

Mar a chuirtear in iúl sa rannán den Tuarascáil a chuaigh roimhe seo d'éirigh leis an Oifig ordú dícháilithe a bhaint amach i leith 12 stiúrthóirí ar chuideachtaí a bhí bainte den chlár (12 i 2007 freisin) ar fheadh tréimhsí ó cheithre bliana go seacht mbliana agus ordú srianta a bhaint amach i leith stiúrthóir amháin ar feadh na tréimhse sainordaithe de chúig bliana. In **Aguisín 3.3** tá sonraí maidir leis na 12 ordú dícháilithe agus maidir leis an ordú srianta amháin a baineadh amach. Ag deireadh na bliana 2008 bhíothas ag feitheamh ar éisteacht chúig chás eile san Ard-Chúirt. Bhí go leor cásanna breise fós oscailte ag ceann na bliana agus tá súil leis go dtionscnófar roinnt cásanna eile i 2009.

I bhfianaise na n-iarmhairtí poitéinsiúla ar thréigean cuideachtaí dócmhainneacha a léirítear thuas, ba chóir do stiúrthóirí cuimhneamh air go mbeadh sé den chríonnacht a gcuideachta a chur faoi leachtú go foirmeálta nó socrúithe a dhéanamh chun í a bhaint den Chlár go deonach. I gcás cuideachta ar bith a baineadh de Chlár na gCuideachtaí, ba chóir go mbeadh stiúrthóirí feasach faoi go bhfuil na sócmhainní atá fágtha inti dílsithe don Aire Airgeadais de réir fhorálacha na n-Achtanna Maoine Stáit. Is é polasaí OSFC aird na Roinne Airgeadais a tharraingt ar chásanna ina n-aithnítear go raibh sócmhainní suntasacha ag cuideachta an tráth ar baineadh den Chlár í.

Conclúid

De thoradh an mhaoirsithe a rinne OSFC ar chuideachtaí dócmhainneacha i 2008 cuireadh ordú srianta nó dícháilithe ar thart ar 96 stiúrthóir i 2008. Beidh OSFC ag tabhairt aghaidh ar an réimse seo ar bhonn leanúnach i 2009 i gcomhar le leachtaitheoirí agus leis na Cúirteanna chun cosc a chur ar iompar mífhreagrach nó mídhleathach.

Aidhm 5 – Seirbhísí den Scoth a Sholáthar do Chustaiméirí Inmheánacha agus Seachtracha

Réamhrá

Lean OSFC léi i 2008 ag tabhairt tús áite don obair a bhaineann le seirbhísí den scoth a sholáthar dá custaiméirí uile. Áirítear idir an pobal agus foireann na hOifige ar chustaiméirí na hOifige agus cuimsítear san Aidhm gníomhú éifeachtach agus éifeachtúil fheidhmeanna na hOifige a chumasú. Léirítear thíos na príomhfhorbairtí maidir le hoibriúcháin agus le seirbhísí OSFC i rith na bliana.

Fo-Aidhm 5.1: Acmhainní OSFC a Dhaingniú agus a Bhainistiú

Foireann

Méadaíodh líon foirne OSFC i 2008 ó 40.6 to 44.8 fostaí lánaimseartha. B'ionann an méadú seo agus an dara céim nó an chéim dheiridh de ghealltanais a rinne an Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta i 2007 ochtar breise a sholáthar do fhoireann na hOifige. In **Aguisín 5.1** soláthraítear briseadh síos ar fhoireann na hOifige ag ceann na bliana. Tá sé soiléir ó na caipitil a théann roimhe seo sa Tuarascáil gur chuir an méadú seo ar an bhfoireann ar chumas na hOifige bheith níos gníomhaí i réimsí éagsúla i 2008.

Is mian leis an Stiúrthóir Michael Cumiskey, Joan Howley, Barry Harte, Jean Kelly agus Deirdre Mitchell a luadh agus an tsárobaire a rinne siad san Oifig le linn dóibh bheith anseo a admháil. D'fhág an cúigeir an Oifig i 2008 chun aghaidh a thabhairt ar dhúshlán nua; bhí roinnt díobh bainteach le hobair na hOifige ón lá ar céadbhunaíodh í.

Acmhainní Airgeadais

Is trí Fhomhírcheann A09 de Vóta 34 (An tAire Fiontair, Trádála agus Fostaíochta) a maoiníodh costais riaracháin na hOifige i 2008. Tá achoimre na suimeanna a dáileadh agus a caitheadh ar fáil faoi na príomh-cheannteidil Phá agus Neamhphá sa tábla a leanas. Tá briseadh síos níos mine ar fhigiúirí na bliana 2008 in **Aguisín 5.1.2**.

Fomhírcheann A09, Vóta 34	2008 Cionroinnt (€000na)	2008 Caiteachas Iarbhír (€000na)
Pá	2,681	2,411
Neamhphá	2,276	1,932
Iomlán	4,957	4,343

Ba íslíú de bheagán ar an gcaiteachas de €4.378 milliún i 2007 an €4.343 milliún a caitheadh i 2008. B'ionann agus ardú de 88% toradh na bliana 2008 i gcomórtas leis an €4.957 milliún arbh é an cionroinnt tosaigh don bhliain. I gcomhréir le nósanna imeachta poiblí, tugadh an farasbarr de €0.613m don Státchiste.

Baineadh amach an laghdú beag ar an gcaiteachas in ainneoin ardaithe de 10% ar líon na foirne agus an chostais a bhain le ceapachán Cigire ag an Ard-Chúirt i mí Iúil 2008 chun idirbhearta áirithe i leith scaireanna i DCC plc agus dhá chuideachta ghaolmhara a imscrúdú. Ar an dtaobh eile rinneadh gearradh siar ar thionscnaimh eile a leithéidí fógraíocht agus poiblíocht ar iarratais ón Rialtais ciorruithe a dhéanamh ar chaiteachas nach raibh geallta.

Cóiríocht

D'áitigh an Oifig breis chóiríochta san fhoirgneamh go luath i 2008 i gcomhréir leis an méadú ar líon na foirne a sannadh di i 2007 agus 2008.

Dul chun cinn Eagraíochtúil

Arís i 2008 chuaigh OSFC sa tóir ar shaineolaithe seachtracha chun cuidiú léi obair imscrúdaithe agus forfheidhmithe a dhéanamh thar aon rud eile. Is trí fhógraíocht phoiblí a rinne OSFC stocaireacht ar son a Painéil Chuntasaíochta agus Dlí agus a choinnigh ar siúl iad. Sna Painéil seo tá ainmneacha na ndaoine agus na ngnóthas ar mhian leo go gcuirfí san áireamh iad i dtaca le tascanna saineolais. Beidh na Painéil sin oscailte gach tráth d'iarratasóirí ar mian leo seirbhísí dá leithéid a sholáthar don Oifig.

Plean Gnímh um Bainistiú Baoil

Chomhoibrigh an OSFC arís i gcomhar leis an Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta i rith na bliana 2008 chun athbhreithniú agus uasdátú breise a dhéanamh ar phleananna na hOifige maidir le bainistíocht bhaoil. Rinneadh an plean i dtosach de bharr moltaí faoi shaincheisteanna freagrachta sna réimsí a bhaineann le rialú inmheánach airgeadais, socruithe iniúchta inmheánaigh agus bainistiú bhaoil i dTuarascáil Mullarkey.

Chlár Oibre Glas

I 2008 thionscain an Oifig ar bhonn foirmeálta roinnt polasaithe nach ndéanfadh dochar don chomhshaol inar beartaíodh na hacmhainní a bhí sannta di a úsáid ar an mbealach is éifeachtúla agus éifeachtaí costas agus ab fhéidir. Ghlac an fhoireann uile páirt i seisiúin faisnéise faoin ábhar agus tá siad ag leanúint go gníomhach na dtreoracha chun tomhaltas fuinnimh, ábhar agus uisce na hOifige a laghdú agus dramhaíl na hOifige a bhainistiú níos fearr. Cuireadh roinnt athruithe áirithe oibríochtúla i bhfeidhm chun lorg carbóin agus costais ghaolmhara na hOifige a laghdú.

Fo-Aidhm 5.2: Foireann a chur chun cinn

Bainistíocht Feidhmíochta

Chuir OSFC an Córas Bainistíocht Feidhmíochta agus Forbartha (PMDs) a fheidhmíonn ar fud na Ranna agus na hOifigí Rialtais uile i bhfeidhm ar bhonn leanúnach i 2008. Tá baint díreach aige le Plean Gnó Bliantúil na hOifige, soiléirítear leis ról agus cion oibre na mball foirne i leith an Phlean Ghnó agus sainítear leis freisin riachtanais oiliúna foirne.

Bhain foireann OSFC áis as níos mó ná 140 lá oiliúna agus faisnéise i 2008; ba ó acmhainní OSFC a cuireadh 88 díobh ar fáil. Chuir an Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta 47 lá oiliúna breise ar fáil do dhá bhall déag d'fhoireann OSFC. Cheadaigh an Oifig um Chlárú Cuideachtaí do cheathrar bhall OSFC páirt a ghlacadh sna clár oiliúna dá foireann féin thar tréimhse ocht lá oiliúna.

Seo a leanas cuid den oiliúint a cuireadh ar fáil i 2008:

- rannpháirtíocht foireann bhainistíochta i gClár Ceannaireachta na Roinne;
- oiliúint forbartha gairmiúla leanúnach;
- oiliúint i dteicneolaíocht faisnéise agus
- oiliúint sa nGaeilge d'fhoireann fáiltithe na hOifige go háirithe.

Clúdaíodh ábhair éagsúla a bhain le hobair na Roinne agus na hOifige agus na seirbhíse poiblí go ginearálta sna laethanta faisnéise agus ag na seimineáir inmheánacha. Cuireadh sainchlár inductúcháin OSFC ar fáil don fhoireann nua uile a tháinig go dtí an Oifig i 2008. Cuireadh seisiúin faisnéise faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla agus faoi thionscnamh an Chlár Oibre Glas ar fáil don fhoireann uile de bhrí gur cuireadh i bhfeidhm iad san Oifig i 2008.

Obair Mheithealbhunaithe

D'oibrigh foirne ildisciplíneacha ar bhonn leanúnach laistigh de OSFC chun méid mór de chásobair na hOifige a láimhseáil i réimsí an bhraite, an fhorfheidhmithe agus na dócmhainneachta.



Casadh ar a chéile Coiste Bainistithe na hOifige a dhéanann ionadaíocht ar an bhfoireann uile faoi chathaoirleachas an Stiúrthóra ar bhonn ráithiúil i 2008 chun saincheisteanna polasaí agus eagraíochtúil a théann i gcion ar threoir agus ar fhorbairt leanúnach na hOifige a phlé.

I gcaitheamh na bliana rinne an Stiúrthóir ceithre cinn déag d'ionstraim nua nó leasaithe lenar tharmhlig sé a chumhachtaí chuig bhaill áirithe den fhoireann faoi alt 13 den Acht um Fhorfheidhmiú Dlí Cuideachtaí 2001. Ar na daoine a bhí i gceist bhí tríúr ball nua foirne.

Fo-Aidhm 5.3: Seirbhísí Custaiméara den Scoth a chur chun cinn agus Caoi a Choinneáil Orthu

Seirbhísí a Chuirtear ar Fáil

Gheall OSFC acmhainní nach beag a chur ar fáil i 2008 d'fhorbairt agus d'úsáid na teicneolaíochta chun faisnéis a sholáthar dá custaiméirí, chun ionchur a fháil ó chustaiméirí agus chun feabhas a chur ar éifeacht chleachtas oibre. Ar na seirbhísí a thairgeann an Oifig don phobal agus do lucht gairme tá:

- faisnéis faoi dhlí na gcuideachtaí agus faoi chúrsaí gaolmhara via suíomh idirlín na hOifige, foilseacháin, etc. Sa chomhthéacs sin bhí 817 gcustaiméirí cláraithe ag deireadh na bliana 2008 agus súil acu go gcuirfí teachtaireacht chucu má bhí aon fhaisnéis nua curtha ar fáil ar an suíomh idirlín. Cláraíodh 48 nduine díobh den chéad uair i 2008;
- cainteanna, seimineáir agus tionscnaimh ghéilliúntais eile arna gcur ar fáil ag foireann na hOifige. Mar shampla ghlac an Oifig seastán trádála ag Seó BT na nGnóthas Beag i gCorchaigh den chéad uair;

- áis a cheadaigh don phobal gearáin a dhéanamh maidir le cásanna ina raibh amhras faoi mhí-iompar;
- seirbhísí reachtaíocht-bhunaithe trína gceanglaítear ar iniúchóirí, ar leachtaitheoirí agus ar pháirtithe leasmhara eile cásanna ina bhfuil amhras faoi shárú dhlí na gcuideachtaí a thuairisciú don Oifig;
- cúnamh ginearálta a thairgtear do chliaint na hOifige ar an bhfón, trí chomhfhreagras, le ríomhphost, etc. Mar shampla cuireadh 468 bhfiosrú chuig an gcuntas info@odce.ie i rith na bliana agus freagraíodh go pras iad.

Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003

I rith na bliana cuireadh deireadh leis an gcomhairliúchán a bhí ar siúl idir an Oifig agus an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta maidir leis an Dréachtscéim lena ngealltar seirbhísí a chur ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla faoin Acht. Lainseáladh an Scéim i mí Iúil agus tá sí ar fáil ar shuíomh idirlín OSFC ag www.odce.ie.



De bhreis ar an oiliúint foirne a rinneadh i 2008 chuir an Oifig gluais de théarmaí agus de nathanna éagsúla i dtoll a chéile chun cabhair a thabhairt don fhoireann plé a dhéanamh le saoránaigh ar mhian leo a ngnó a dhéanamh leis an Oifig trí mheán na Gaeilge. Tá sé beartaithe breis oiliúna sa teanga a chur ar fáil i 2009 chun acmhainn na hOifige seirbhísí ar aon chaighdeán a chur ar fáil trí Ghaeilge agus trí Bhéarla a fheabhsú.

Foilseacháin

Ullmhaíodh agus foilsíodh naoi gcinn d'fhoilseacháin fhoirmeálta i 2008 mar a chuirtear in iúl in **Aguisín 1.1.1** den Tuarascáil seo. Is de réir na ngealltanais a rinneadh de bhun Acht na dTeangacha Oifigiúla a foilsíodh ceithre cinn díobh sin sa dá theanga oifigiúla. De bhreis ar an Scéim a comhaontaíodh faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla ba iad Tuarascáil Bhliantúil OSFC don bhliain 2007, an Lámhleabhar Dhlí na gCuideachtaí faoi Chuideachtaí Bainistithe Úinéirí Maoine Sealbhais agus an Leabhrán Treorach faoi Chuideachtaí Bainistithe na foilseacháin a bhí i gceist


Mar a luaitear thuas, d'eisigh an Stiúrthóir freisin méid áirithe de phreasráitis agus scríobh roinnt ball foirne OSFC páipéir agus rinne láithreoireachtaí le haghaidh na meán náisiúnta agus gairmiúil agus le haghaidh lucht gnó agus grúpaí eile. Ghlac an fhoireann páirt in agallaimh sna meáin náisiúnta agus áitiúla ar iarratas.

Suíomh Idirlín

Tugadh suíomh idirlín OSFC ag www.odce.ie chun dáta ar bhonn leanúnach i 2008 trí fhaisnéis nua faoi obair OSFC agus faoi fhorbairtí rialachais corparáideacha gaolmhara a chur ar fáil. Cuireadh gach uile fhoilseachán, phreasráiteas agus airteagal nua ar fáil ar an suíomh chomh maith le torthaí na n-imeachtaí forfheidhmithe Cúirte a raibh baint ag an Stiúrthóir leo agus cinntí Cúirte eile atá ábhartha i gcomhthéacs dhlí na gcuideachtaí.

Bhí tarraingt ar an suíomh idirlín arís ag cuimse daoine a raibh suim acu i gcúrsaí rialachais chorparáidigh. I rith na bliana tugadh thart ar 141,557 cuairt ar an suíomh ardú de 2% ar an 138,604 chuairt i 2007. Tá léirithe sa chairt go raibh na huimhreacha mórán ar aon dul le huimhreacha 2007 ach go raibh laghdú ar líon na gcuariteoirí ó Eanáir go Bealtaine agus ansin méadú thar thréimhse na seacht mí ina dhiaidh sin i gcomórtas le 2007. Bhíothas thar bheith gnóthach ar feadh tréimhse i mí Iúil i gcomhthráth le ceapachán Cigire do DCC plc, do S&L Investments Ltd. agus do Lotus Green Ltd. ag an Ard-Chúirt, le lainseáil na Scéime faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla agus leis an bPáipéar Comhairliúcháin faoi ráiteas straitéise OSFC do 2009-2012.

Go luath i 2008 rinne OSFC suirbhé ar líne ar úsáideoirí an tsuímh idirlín le fáil amach an rabhadar sásta leis na seirbhísí a bhí ar fáil dóibh. Bhí an céatadán a d'fhreagair sách íseal ach d'ainneoin sin ba dhearfach an t-aiseolas a fuarthas.



Na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise (SF)

Ní cheadaítear nochtadh taifead faoi na hAchtanna SF ach amháin iadsan a bhaineann le riarachán ginearálta na hOifige. I rith na bliana 2008 ní fuair OSFC aon iarratais ar thairfid faoin Acht. Thug an Oifig an Lamhleabhar SF chun dáta agus chuir ar fáil é (i nGaeilge agus i mBéarla) ar an suíomh idirlín.

Achtanna um Chosaint Sonraí

Tá an OSFC cláraithe mar Rialaitheoir Sonraí le hOifig an Choimisinéara um Chosaint Sonraí. Faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003 tugtar cosaint ar úsáid nó ar nochtadh míchuí faisnéise ar bith a choimeádtar faoi dhuine aonair. I 2008 thug OSFC a chlárúchán leis an gCoimisinéir um Chosaint Sonraí chun dáta agus lean léi ag comhlíonadh a dualgais dhaingné rúndachta féin atá léirithe san Acht um Fhorfheidmiú Dlí Cuideachtaí 2001.

I 2008 le cúnaimh ón Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta rinneadh criptiú ar na sonraí a choinnítear i ngairis shoghluaiste a leithéidí ríomhairí glúine agus cipíní cuimhne a mbaineann foireann na hOifige úsáid astu, rud a chuir go mór le slándáil sonraí.

An tAcht um Íoc Pras Cuntas 1997

